



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/291 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Feabhra 2025

Iena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾(an bun-Rialachán), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

- (1) An 14 Meitheamh 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽²⁾ ('an fógra tionscnaimh').
- (2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir ceithre tháirgeoir páipéir maisiúcháin de chuid an Aontais ('na gearánaigh') isteach an 2 Bealtaine 2024. Ba é tionscal páipéir maisiúcháin an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán a rinne an gearán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2718 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ⁽³⁾.

1.3. Páirtithe leasmhara

- (4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. De bhreis air sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údarais na Síne, allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí, trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.
- (5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.
- (6) Reáchtáladh éisteachtaí leis na gearánaigh (Felix Schoeller, Koehler Paper, Malta Decor & Munksjö Paper), LamiGraf S.A. agus Interprint GmbH.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, , ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj>.

⁽²⁾ Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO C, C/2024/3695, 14.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3695/oj>

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2718 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe, IO L 2024/2718, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2718/oj.

1.4. Barúlacha maidir leis an tionscnamh

- (7) Chuir Comhlachas Tionscail Náisiúnta um Tháirgí Foraoise na Síne (CNFPPIA), LamiGraf S.A., Kastamonu Italia S.p.a., Kastamonu Romania S.A., agus Kastamonu Bulgaria AD (dá ngairtear ‘Grúpa Kastamonu’ anseo feasta) agus Marburger Tapetenfabrik barúlacha isteach maidir leis an tionscnamh. Bhain siad sin le seasamh na ngearánach, cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus fianaise ar shaobhadh suntasach, rogha na tíre ionadaíche sa ghearán, saobhadh amhábhair, na táscairí díobhála, cúisíocht, agus leas an Aontais. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin go léir thíos sna ranna ábhartha den Rialachán seo.
- (8) Tar éis an tionscnaimh, d’áitigh CNFPPIA go raibh Felix Schoeller agus Munksjö, dhá cheann de na ceithre ghearánach, comhlachaithe le cuideachtaí Síneacha, agus go raibh allmhairí ón tSín óna chuideachta chomhlachaithe ag ceann amháin den dá chuideachta freisin. D’áitigh CNFPPIA, bunaithe ar fhorálacha Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán, gur cheart, dá bhrí sin, an dá chuideachta a eisiáimh ó thionscal an Aontais. I bhfianaise an mhéid sin, dúirt CNFPPIA freisin go mb’fhéidir nach gcomhlíonfar na buancheanglais a leagtar amach in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.
- (9) De réir fhoclaíocht Airteagal 4(1)(i), mar a dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCoimisiún atá sé, agus a lánrogha á feidhmiú aige, a chinneadh maidir le táirgeoirí atá comhlachaithe le honnmhaiseoirí nó le hallmhaiseoirí nó a allmhairíonn an táirge dumpáilte iad féin, ar cheart dó na táirgeoirí sin a eisiáimh ó tháirgeoirí ‘thionscal an Aontais’. Ní mór an lánrogha sin a fheidhmiú de réir an cháis, agus tagairt á déanamh do na fíorais ábhartha uile. (*) Ós rud é gur fhreastail an dá chuideachta chomhlachaithe sa tSín ar a margadh intíre den chuid is mó, agus go raibh na cainníochtaí a d’allmhairigh táirgeoirí an Aontais óna gcuideachtaí comhlachaithe sa tSín, dá mba ann dóibh, diomaibhseach, mheas an Coimisiún nach raibh údar le Felix Schoeller agus Munksjö a eisiáimh ó shainiú thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na máimh sin.
- (10) D’áitigh CNFPPIA nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 den bhun-Rialachán maidir le díobháil a chinneadh, agus d’áitigh sé nach raibh aon fhianaise ann go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (11) Mheabhraigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) den bhun-Rialachán, go dtionscnoífar imscrúdú i gcás ina bhfuil go leor fianaise sa ghearán chun údar a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh. Sa ghearán, d’áitigh an gearánach go ndearna allmhairí dumpáilte páipéir maisiúcháin ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Chun tacú lena argóint, d’úsáid an gearánach an Téalainn mar thír ionadaíoch chun meánchorrlach dumpála ualaithe a ríomh sa raon [35-45 %], agus rinne sé anailís ar thomhaltas, brabúsacht, díolacháin agus sciar den mhargadh, méid táirgeachta agus costas táirgthe thionscal an Aontais. Mheas an Coimisiún gur eilimintí ábhartha iad sin dá mheasúnú ar fhiúntais an chomhaid, agus gur leor an fhianaise iad, in éineacht le faisnéis eile a chuir an gearánach ar fáil, chun ceanglais Airteagal 5(3) maidir le tionscnamh an imscrúdaithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh CNFPPIA.
- (12) Chuir LamiGraf argóintí comhchosúla isteach maidir leis na treochoí díobhála, ag áitiú go raibh tionchar suntasach ag tosca eacnamaíocha níos leithne, amhail paindéim COVID-19, éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus géarchéim fuinnimh, ar fheidhmíocht airgeadais an tionscail, agus dá bhrí sin nach bhféadfaí díobháil a chur i leith allmhairí Síneacha den chuid is mó. Dúirt LamiGraf freisin gur féidir luaineachtaí i dtomhaltas an Aontais a chur i leith an gheilleagair ‘fanacht sa bhaile’ faoi stiúir na paindéime agus ceartú margaidh ina dhiaidh sin, agus nach féidir iad a chur i leith allmhairí Síneacha, agus go raibh tionchar mór ag na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise ar dhíolacháin fhoriomlána agus ar dhíolacháin onnmhairí na ngearánach. Mar thoradh ar na dálaí in 2021 tháinig fás ar an éileamh ar pháipéar maisiúcháin, rud a d’fhág gur tháinig méadú ar allmhairí ón tSín. Eascraíonn iomaíochas phraghsanna na Síne as trealamh costéifeachtach a úsáid, rud atá contrártha do na táirgeoirí is déantóir gearáin. Ach, ag an am céanna, d’áitigh LamiGraf nach léiríonn na hinfheistíochtaí troma a rinne na gearánaigh díobháil ábhartha.

(*) Breithiúnas an 14 Márta 1990, *Gestetner Holdings plc v an Chomhairle agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, C-156/87, ECLI:EU:C:1990:116, mír. 43.

- (13) Mheas an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach sa ghearán ar dhíobháil de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín, lena n-áirítear measúnuithe ar éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar thomhaltas an Aontais, tionchar na géarchéime fuinnimh agus costas méadaitheach na n-amhábhar, chomh maith le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus smachtbhannaí trádála ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

1.5. Sampláil

- (14) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfaidh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil

- (15) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de táirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid táirgeacht agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas idir an 1 Aibreán 2023 agus an 31 Márta 2024 agus ar bhonn an tsuímh gheografaigh. Is é a bhí sa sampla sin trí táirgeoir de chuid an Aontais. Bhí 60 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta agus 61 % de dhíolacháin mheasta an táirge chomhchosúil san Aontas ag táirgeoirí sampláilte an Aontais. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil i leith an tsampla shealadaigh. Measadh gur sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

Sampláil na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe

- (16) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar.
- (17) Sholáthair dhá allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

- (18) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.
- (19) Sholáthair cúig táirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil.

1.6. Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin

- (20) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.
- (21) Thairis sin, chuir an gearánaí fianaise leordhóthanach prima facie sa ghearán a léirigh gur ann do shaobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoir breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

- (22) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais, chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín, chuig na hallmhaireoirí agus na húsáideoirí aitheanta. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ⁽⁹⁾ lá an tionscnaimh.
- (23) Lorg agus d'fhóraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

- Felix Schoeller GmbH & Co. KG, Osnabruck, an Ghearmáin;
- Málta Decor Sp. z o.o., Poznań, an Pholainn;
- Munksjö Tolosa S.A.U., Berastegi, an Spáinn.

Úsáideoirí

- LamiGraf S.A., Barcelona, an Spáinn;
- Interprint GmbH, Arnsberg, an Ghearmáin.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

- Hangzhou Huawang New Material Technology Co. Ltd (HUAWANG)
- Kingdecor Zhejiang Co. Ltd., (KINGDECOR)

1.7. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

- (24) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

- (25) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú páipéar maisiúcháin lena mbaineann na saintréithe seo a leanas:
- meáchan 30-150 g/m²; cion luatha idir 5 % agus 50 %;
 - ionsúiteacht Klemm 12 mhilliméadar ar a laghad in aghaidh an 10 nóiméad nó bailiú roisín idir 20 % agus 200 %;
 - neart teanntachta fliuch idir 6 agus 12 Newton (N) in aghaidh an 15 mhilliméadar;
 - póiriúlacht Gurley idir 3 agus 80 soicind in aghaidh an 100 millilítear;
 - réidhe idir 20 agus 300 de réir mhodh Bekk;
 - i rleanna a bhfuil leithead suas le 300 ceintiméadar acu;
 - bíodh sé réamhthuilte le meascán de laitísí nó de cheanglóirí nádúrtha (mar shampla, stáirse) nó ná bíodh;
 - gan páipéar balla agus clúdaigh bhalla chomhchosúla a áireamh;
 - gan páipéir a áireamh atá sáithithe le mealaimín uiscebhunach, úiré, feanól nó le haon tuaslagán roisín teirmithéachtach teirmeaplaisteach ('an táirge faoi imscrúdú').

⁽⁹⁾ <https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-history?caseId=2734>.

- (26) Tá cúig phríomhchineál táirge ann, bunaithe ar shaintréithe fisiceacha: páipéar maisiúcháin bonnphriontála, páipéar aondaite, páipéar cúltaca, páipéar bonn scragall agus páipéar maisiúcháin réamhthuilte.
- Is éard atá i bpáipéar maisiúcháin bonnphriontála bonnpháipéar le haghaidh priontála a dhíoltar le printéirí agus atá deartha go sonrach le priontáil le dearáí éagsúla (e.g. adhmaid, grán, marmair);
 - Is páipéar maisiúcháin aondaite atá sáithithe le dath é páipéar aondaite. Saintréith de is ea a chumas chun próisis dul i bhfód agus tuile. Cuirtear an dath san áireamh ag an gcéim déanta páipéir;
 - Saintréith de chuid an pháipéir chúltaca is ea tuile ar leith agus cáilíochtaí nirt teanntachta. Cuirtear i bhfeidhm é ar chúl an tsustráit chun difhoirmiú a chosc le linn an phróisis lannaithe;
 - Is cineál páipéir maisiúcháin é bunpháipéar scragail a úsáidtear mar bhunpháipéar chun scragall críochnaithe a tháirgeadh, i.e. sraitheanna páipéir a bhfuil dromchla atá brataithe le laicear orthu agus atá daite nó priontáilte; agus
 - Is éard atá i bpáipéar maisiúcháin réamhthuilte ('PRIP') páipéar maisiúcháin atá tuilte cheana féin le roisín sa mhuileann páipéir trí bhíthin preas méide.
- (27) Úsáidtear páipéar maisiúcháin mar ábhar dromchla i gcomhair feidhmeanna maisiúla. Baineann úsáid deiridh an pháipéir maisiúcháin go príomha leis na tionscail troscáin, deartha inti agus tógála agus athchóirithe mar lannán ar ábhar taca.

2.2. An táirge lena mbaineann

- (28) Is éard atá sa táirge lena mbaineann páipéar maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 4802 54 00, ex 4802 55, ex 4805 91 00 agus ex 4811 60 00 (cóid TARIC 4802 54 00 10, 4802 55 15 10, 4802 55 25 10, 4802 55 30 10, 4802 55 90 10, 4805 91 00 10, agus 4811 60 00 10) ('an táirge faoi imscrúdú').

2.3. An táirge comhchosúil

- (29) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:
- an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;
 - an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne; agus
 - an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.
- (30) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

3.1. Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán

- (31) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (32) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun páipéar maisiúcháin a tháirgeadh. Chuir dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

- (33) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (34) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.
- (35) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.
- (36) An 2 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an gcéad nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh páipéir maisiúcháin. Sa bheis air sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is é sin an Téalainn, mar thír ionadaíoch iomchuí.
- (37) Rinne Comhlachas Tionscail Náisiúnta um Tháirgí Foraoise na Síne (CNFPIA) na barúlacha ginearálta seo a leanas, mar fhreagairt ar an gcéad nóta maidir le tosca táirgeachta: (1) 'Ní ann do shaobhadh suntasach i ndáil leis an táirge lena mbaineann sa tSín agus níor chruthaigh an Coimisiún sa tSín é.' (2) 'Níor cheart ach na tosca táirgeachta sin a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad saofa a ionadú.' (3) 'Níor cheart Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil an mhodheolaíocht a eascraíonn as sin i gcomhréir leis an gComhaontú Frithdhumpála de chuid EDT.' Níor chuir aon pháirtí eile barúlacha isteach maidir leis an 1^ú Nóta FOP. An bharúil faoi shaobhadh suntasach a bheith ann, tugtar aghaidh uirthi thíos i Roinn 3.2.1 ina dtugann an Coimisiún tuairisc ar an saobhadh suntasach ábhartha. Maidir leis an mbarúil ar na tosca táirgeachta, mheabhraigh an Coimisiún gur i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, nuair a shuíonn an Coimisiún gur ann do shaobhadh suntasach, ní féidir costais intíre a úsáid ach a mhéid a shuítear nach bhfuil siad saofa, ar bhonn fianaise chruinn iomchuí. Ar deireadh, maidir leis an neamhréir a líomhnaítear idir Airteagail 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás agus sa mhodheolaíocht is toradh air agus Comhaontú Frithdhumpála EDT, tagraíonn an Coimisiún do ranna 3.2.1.9 agus 3.2.1.10 thíos.
- (38) An 6 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurb í an Téalainn an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go suífadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis bunaithe ar cheithre chuideachta SIAM KRAFT INDUSTRY CO LTD, DOUBLE A (1991) PUBLIC COMPANY, THAI CONTAINERS GROUP CO LTD agus SIG COMBIBLOC CO LTD. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an dara nóta laistigh den sprioc-am.

3.2. An Gnáthluach

- (39) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleacha sa tír is onnmhaireoir.
- (40) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'más rud é go gcinntear [...]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa' agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

- (41) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. Saobhadh suntasach a bheith ann

- (42) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údarais na tíre is onnmhaireoir;
- an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;
- beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;
- maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;
- saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;
- rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.⁶

- (43) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

- (44) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

- (45) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán 'i gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoiblíú agus a thabhairt cothrom le dáta'.

- (46) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('an Tuarascáil') ⁽⁶⁾, ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach ar roinnt mhaith príomhthoisic tháirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe (amhail earnáil na dtáirgí de bhunús adhmaid). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlónadh. Cuireadh an Tuarascáil ⁽⁷⁾ sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha sa ghearán freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

⁽⁶⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final. Leis an Tuarascáil seo, tugadh cothrom le dáta Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a bhí ann roimhe seo maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála an 20 Nollaig 2017, SWD(2017)483.

⁽⁷⁾ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 20 Nollaig 2017 maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, SWD(2017) 483 final/2.

- (47) Go sonrach, bhí an gearánach ag brath ar an bhfianaise atá sa Tuarascáil chun béim a leagan ar shaobhadh mór sistéamach a bheith i ngeilleagar na Síne, 'geilleagar margaidh sóisialach' ina stiúran Páirtí Cumannach na Síne an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon.
- (48) Mhínigh an gearánach go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach an rialtais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán ar tháirgeadh páipéir maisiúcháin sa tSín agus, mar thoradh air sin, nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí. Go háirithe, d'áitigh na gearánaigh go raibh saobhadh suntasach ar chostais na n-amhábhair a úsáideadh chun páipéir maisiúcháin a tháirgeadh sa tSín, laíon adhmaid agus TiO₂ go príomha, chomh maith le saobhadh ar chostas an fhuinnimh ⁽⁸⁾.
- (49) Chun tacú leis an seasamh sin, bhí an gearánach ag brath go mór ar an bhfianaise a bhí sa Tuarascáil, chomh maith le torthaí i gcásanna de chuid an Choimisiúin roimhe seo.
- (50) Luaigh na gearánaigh go bhfuil tionscal an pháipéir maisiúcháin mar chuid d'earnálacha foraoiseachta agus táirgí adhmaid na Síne, agus mheabhraigh siad na heilimintí seo a leanas a léiríonn go bhfuil saobhadh suntasach ann.
- (51) Ar an gcéad dul síos, tá earnáil an pháipéir maisiúcháin faoi réir shaobhadh chostais na n-amhábhair bunúsach a úsáidtear chun páipéir maisiúcháin, laíon adhmaid agus TiO₂ den chuid is mó, a mhonarú:
- Chinn an Coimisiún ina Thuarascáil Tíre don tSín 2017 "go n-úsáideann an tSín raon leathan ionstraimí a ligeann di tionchar suntasach a imirt ar phraghsanna amhábhair. Trí leibhéal an tsoláthair amhábhair a mhéadú nó a laghdú go saorga, nó go díreach trí na praghsanna a shocrú go lárnach, is féidir leis an rialtas na praghsanna a stiúradh suas nó síos" ⁽⁹⁾. Tá feidhm ag an gconclúid sin maidir le hamhábhair adhmaidbhunaithe agus ceimiceáin araon, mar a luaitear go sainráite sa Tuarascáil ⁽¹⁰⁾.
 - Ina theannta sin, faigheann úsáideoirí laín adhmaid intíre buntáiste comparáideach éagórach mar gheall ar dhleachtanna onnmhairiúcháin a fhorchur ar roinnt cineálacha laín adhmaid agus mar gheall ar infheistíocht eachtrach a spreagadh i dtionscal próiseála adhmaid na Síne ⁽¹¹⁾.
 - Cuireann Rialtas na Síne ('Rialtas na Síne') i bhfios go láidir, ina 14^ú Plean Cúig Bliana ('an Plean Cúig Bliana'), go bhfuil fonn air tacú leis na tionscail déanta páipéir agus na gceimiceán agus iad a fhorbairt, trína rá go ndéanfaidh sé 'tionscail thraidisiúnta a chlaohlú agus a uasghrádú [...] dlús a chur le claohlú agus uasghrádú frontar i bpríomhthionscail mar thionscal na gceimiceán agus mar dhéanamh páipéir agus go gcuirfidh sé feabhas ar an gcóras monaraíochta glas' ⁽¹²⁾. Baineann an rud céanna le tionscal na foraoiseachta, áit 'a gcuirfidh sé feabhas ar bhonneagar feirmeacha foraoise agus criosanna foraoise faoi úinéireacht stáit' ⁽¹³⁾.

⁽⁸⁾ Is iad laíon adhmaid agus ceimiceáin na príomhábhair ionchuir chun páipéir maisiúcháin a tháirgeadh, agus is é atá sa laíon adhmaid idir 15 % agus 30 % den chostas iomlán a bhaineann le páipéir maisiúcháin a tháirgeadh. Is iad TiO₂ agus líonaigh (e.g. fleicsinil nó ocsaíd iarainn) na príomhcheimiceáin a úsáidtear agus is éard atá i gceist leo suas le 50 % de chostais táirgthe an pháipéir maisiúcháin.

⁽⁹⁾ Tuarascáil, lch. 358.

⁽¹⁰⁾ Tuarascáil, lch. 320.

⁽¹¹⁾ Tuarascáil, lch. 357.

⁽¹²⁾ 14^ú Plean Cúig Bliana de chuid Rialtas na Síne, lch. 26, le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0284_14th_Five_Year_Plan_EN.pdf (arna rochtain an 21 Samhain 2024).

⁽¹³⁾ 14^ú Plean Cúig Bliana Rialtas na Síne, lch. 9, 85, ar fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0284_14th_Five_Year_Plan_EN.pdf (arna rochtain an 21 Samhain 2024).

- I gCatalóg 2019 maidir le hAthstruchtúrú Tionscail a Threorú, leagtar síos spriocanna sonracha táirgeachta le haghaidh cineálacha éagsúla laín adhmaid agus luaitear earnálacha táirgeachta éagsúla laín páipéir agus adhmaid a chuirfear deireadh leo mura gcomhlíontar acmhainneachtaí bliantúla ⁽¹⁴⁾. Luíonn an tacaíocht sin go cearnógach leis an gcóras pleanála sa tSín, rud a spreagann acmhainní chuig earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ⁽¹⁵⁾.
- Cosúil leis an 14^a Plean Cúig Bliana maidir le Foraoiseacht, arb é is aidhm dó tacú le húsáid adhmaid mar amháin ⁽¹⁶⁾, tá earnáil na gceimiceán faoi réir idirghabháil rialtais freisin. Is ó fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit a thagann breis agus leath den táirgeacht iomlán ceimiceán sa tSín ⁽¹⁷⁾.

(52) Ar an dara dul síos, tá earnáil an pháipéir maisiúcháin faoi réir saobhadh ar chostais fuinnimh:

- Thuairiscigh an Coimisiún 'nach bhfuil forlámhas ag gnáthbhreithnithe margaidh ar mhargadh fuinnimh na Síne, i bhfianaise na hidirghabhála suntasaí stáit i dtáirgeadh agus i bpraghsáil' ⁽¹⁸⁾. Sa tSín, tá thart ar 50 % den acmhainneacht giniúna fuinnimh faoi úinéireacht an stáit, agus tá an eangach leictreachais iomlán faoi rialú dhá fhiontar faoi úinéireacht an stáit: Corparáid Eangach Stáit na Síne agus Eangach Cumhachta Dheisceart na Síne ⁽¹⁹⁾. Is í Roinn Praghsanna an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú a shocraítear pragsanna fuinnimh go lárnach, trí úsáid a bhaint as straitéisí difreála pragsanna chun tairbhe a dhéanamh do 'thionscail spreagtha' ⁽²⁰⁾, lena n-áirítear an straitéis déanta páipéir. Ar leibhéal na gcúigí, cuirtear beartais bhreise maidir le difreáil pragsanna i bhfeidhm freisin ⁽²¹⁾. Is minic a bhíonn soláthar fuinnimh ag rátaí fóirdheonaithe nó lacáistí i gceist le hidirghabháil Rialtas na Síne ⁽²²⁾.
- Ina theannta sin, is féidir le táirgeoirí páipéir maisiúcháin, lena n-áirítear Zhejiang Kingdecor Paper agus Hangzhou Huawang New Material Technology, tairbhe a bhaint as rátaí fabhracha leictreachais a ghearrtar i gcriosanna tionsclaíocha áirithe lena mbaineann a saoráidí táirgthe. ⁽²³⁾ Thairis sin, i réimsí áirithe, thosaigh na húdaráis ar leictreachas a cheannach agus a dhíol iad féin ⁽²⁴⁾.
- Déantar costais fuinnimh sa tSín a shaobhadh go hindíreach freisin mar gheall ar chinneadh an rialtais pragsanna leictreachais gualbhreoslaithe a íslí. Bhí sé sin dírithe ar rialú a dhéanamh ar an bhfás iomarcach acmhainneachta a d'eascair as fóirdheontais shubstaintiúla a bhí ann roimhe seo le haghaidh táirgeadh guail ⁽²⁵⁾.

⁽¹⁴⁾ Catalóg 2019 maidir le hAthstruchtúrú Tionscail a Threorú, lch. 38 agus Roinn III.12. Féach freisin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1648 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Páipéar mín brataithe AD 2023') (IO L 207, 22.8.2023, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1648/oj), aithris 67).

⁽¹⁵⁾ Mínpháipéar brataithe AD 2023, aithris 65.

⁽¹⁶⁾ Plean Forbartha Earnála Foraoise agus Féaraigh de chuid Rialtas na Síne (2021-2025), lch. 9, 10.

⁽¹⁷⁾ Tuarascáil, lch. 101.

⁽¹⁸⁾ Tuarascáil, lch. 294.

⁽¹⁹⁾ Tuarascáil, lch. 265.

⁽²⁰⁾ Tuarascáil, lch. 265.

⁽²¹⁾ Tuarascáil, lch. 265.

⁽²²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/367 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí modúl fótvoltach sileacain chríostalta agus príomh-chomhpháirteanna (i.e. cealla) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó a choinsítear uathu tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena gcuirtear deireadh leis an imscrúdú athbhreithniúcháin eatramhach páirteach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ('Painéil Ghréine AS 2017'), (IO L 56, 3.3.2017, lch. 131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/367/oj), aithrisí 464-465.

⁽²³⁾ Tuarascáil, lch. 275.

⁽²⁴⁾ Tuarascáil, lch. 278.

⁽²⁵⁾ Tuarascáil, lch. 289.

- (53) Ar an tríú dul síos, tá rochtain ag táirgeoirí in earnáil an pháipéir maisiúcháin ar mhaoiniú a dheonaigh institiúidí a chuireann cuspoirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach bhfuil ag gníomhú go neamhspleách ar an stát ar shlí eile:
- Sa Tuarascáil, thug an Coimisiún tuairisc ar an leanúnachas idir an rialtas agus gach mórghné den chóras airgeadais sa tSín, agus tháinig sé ar an gconclúid ‘gur léiriú é sin ar staid shaofa nach bhfuil inchomparáide de facto le geilleagair mhargadhbhunaithe eile’ ⁽²⁶⁾.
 - Éilíonn an córas airgeadais ann féin ar bhainc phríobháideacha tacú le tionscail spreagtha i gcomhréir le pleananna beartais rialtais. Mar shampla, luaitear in Airteagal 34 de Dhlí Baincéireachta Tráchtála Uimh. 34 de 2015 ‘go ndéanfaidh bainc thráchtála a ngnó iasachtaithe i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit’.
 - Mar a dheimhnigh an Coimisiún i roinnt imscrúduithe, tá forbairt na dtionscal atáthar a spreagadh, amhail an tionscal déanta páipéir, á saothrú go gníomhach ag Rialtas na Síne mar chuspóir beartais phoiblí, lena n-áirítear trí iasachtú fabhrach ⁽²⁷⁾.
- (54) Ar an gceathrú dul síos, cosúil le hearnálacha eile de gheilleagar na Síne, tá earnáil an pháipéir maisiúcháin faoi réir saobhadh a eascraíonn as beartais phoiblí nó as bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar fhórsaí an mhargaidh shaoir ar shlí eile ⁽²⁸⁾.
- (55) Ar an gcúigiú dul síos, tá earnáil an pháipéir maisiúcháin faoi réir an tsaofa a eascraíonn as easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha nó maoine, as iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó as iad a fhorfheidhmiú go neamhleor ⁽²⁹⁾.
- (56) Ar an séú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh in earnáil an pháipéir maisiúcháin freisin ⁽³⁰⁾.
- (57) Mar chonclúid, d’áitigh an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le fáil in earnáil an pháipéir maisiúcháin.
- (58) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí úsáid a bhaint as praghsanna agus costais intíre sa tSín i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad.
- (59) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. D’fhorlón an Coimisiún na heilimintí fianaise sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

⁽²⁶⁾ Tuarascáil, lch. 180.

⁽²⁷⁾ Féach, e.g., Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 452/2011 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2011 lena bhforchuirtear dleacht frith-fhóirdheontais chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (‘Páipéar mín brataithe 2011 AS’), (IO L 128, 14.5.2011, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/452/oj) aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1187 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘Páipéar mín brataithe AS 2017’) (IO L 171, 4.7.2017, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1187/oj), aithris 52; Mínpáipéar brataithe AD 2023, aithris 53; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1647 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘Páipéar mín brataithe AS 2023’) (IO L 207, 22.8.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1647/oj), aithrisí 55-72.

⁽²⁸⁾ Tuarascáil, lch. 2.

⁽²⁹⁾ Ibid.

⁽³⁰⁾ Ibid.

3.2.1.1. Saobhadh suntasach a imríonn tionchar ar phraghsanna agus costais sa tSín

- (60) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap ‘geilleagar margaidh sóisialach’. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinnítear rialachas eacnamaíoch na Síne leis. Is é an príomhphrionsabal ‘úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre’ ⁽³¹⁾.
- (61) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an ‘fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta’ agus tá sainordú ag an stát ‘a chomhdhlúthú agus a fhás’ a áirithiú ⁽³²⁾. Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus leagtar béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.
- (62) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ⁽³³⁾.
- (63) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir ról an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.
- (64) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.
- (65) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: ‘[i]s é an córas sóisialach córas bunúsach na Síne’ cuireadh an dara habairt nua isteach mar a leanas: ‘[i]s é saintréith an tsóisialachais lena ngabhann saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne’ ⁽³⁴⁾. Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, smacht atá ag fás de shíor.
- (66) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.
- (67) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ⁽³⁵⁾. Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha idirghabhálach in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le planáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála.
- (68) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an smachta riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um planáil tionscail a bhfuil tionchar aige ar gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin ar fad cumhdaítear mairtí chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.
- (69) Tá pleananna mionsonraithe á gcur i bhfeidhm ar leibhéal na gcúigí agus leagtar amach spriocanna níos leithne sna pleananna náisiúnta. I bpleananna sonraítear freisin na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir ann i roinnt pleananna i gcónaí.

⁽³¹⁾ Tuarascáil, Caibidil 2, lch. 7.

⁽³²⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.

⁽³³⁾ Tuarascáil, Caibidil 2, lch. 10, 18.

⁽³⁴⁾ Féach: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.html (arna rochtain an 18 Samhain 2024).

⁽³⁵⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.

- (70) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.
- (71) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na ndálaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údarais ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ⁽³⁶⁾.
- (72) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ⁽³⁷⁾.
- (73) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúide agus oibriúcháir ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ⁽³⁸⁾.
- (74) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonracha sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a sheoladh d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ⁽³⁹⁾.
- (75) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne rialú agus tionchar suntasach ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfeistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdarais scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfeistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ⁽⁴⁰⁾.
- (76) Mar sin, bunaítear samhail eacnamaíoch na Síne ar aicsimí bunúsacha áirithe, lena bhforáiltear don iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaothradh dá bharr ⁽⁴¹⁾.

3.2.1.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údarais na tíre is onnmhaireoir.

⁽³⁶⁾ Tuarascáil, Caibidil 4, lch. 57, 92.

⁽³⁷⁾ Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.

⁽³⁸⁾ Tuarascáil, Caibidil 6, lch. 153, -171.

⁽³⁹⁾ Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.

⁽⁴⁰⁾ Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.

⁽⁴¹⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.

- (77) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.
- (78) Is cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail Hangzhou Huawang New Material Technology (ar a dtugtar ‘Huawon’ freisin) ⁽⁴²⁾, Zhejiang Kingdecor Paper ⁽⁴³⁾, Qifeng New Materials ⁽⁴⁴⁾, nó Zhejiang Hengda New Materials ⁽⁴⁵⁾.
- (79) Suíodh leis an imscrúdú, áfach, go bhfreastalaíonn cuideachtaí faoi úinéireacht stáit ar an bpríomh-amhábhhar a úsáidtear chun páipéar maisiúcháin a tháirgeadh, i.e. laíon adhmaid agus TiO₂, araon. Mar shampla, freastalaíonn roinnt cuideachtaí faoi rialú an stáit ar earnáil an laín adhmaid mar Fujian Qingshan Paper Industry Co. ⁽⁴⁶⁾ agus Shandong Chenming Paper Holding Co. ⁽⁴⁷⁾
- (80) Thairis sin, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (‘TiO₂’) ⁽⁴⁸⁾, shuigh an Coimisiún go bhfreastalaíonn roinnt cuideachtaí faoi rialú stáit ar earnáil TiO₂ freisin, amhail Pangang Group Vanadium agus Titanium Resources, Ltd ⁽⁴⁹⁾. (‘Pangang’) atá mar chuid de Pangang Group, fochuideachta de chuid an ghrúpa de chuideachtaí faoi úinéireacht stáit Anshan Iron and Steel Group (‘Ansteel’) ⁽⁵⁰⁾, bhí méid suntasach úinéireachta stáit aige (níos mó ná 54 %) ⁽⁵¹⁾.
- (81) Deir Fujian Qingshan Paper Industry Co. ‘Ag an gcéim forbartha nua, beidh an chuideachta faoi threoir Mhachnamh Xi Jinping ar an Sóisialachas lena ngabhann Saintréithe Síneacha le haghaidh Ré Nua.’ ⁽⁵²⁾ Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 98 d’Airteagail Chomhlachais na cuideachta ‘Déanfaidh coiste Páirtí na cuideachta a dhualgais a chomhlíonadh i gcomhréir le bunreacht an Pháirtí agus le rialacháin eile an Pháirtí: (i) Maoirseacht ar bheartais an Pháirtí agus an stáit agus cur chun feidhme chinntí agus shocrúithe Lárhoiste an Pháirtí, na Comhairle Stáit, an Choiste Páirtí Cúige agus an Rialtais Cúige sa chuideachta a áirithiú’ ⁽⁵³⁾. Ar an gcaoi chéanna, maíonn coiste Páirtí Shandong Chenming Paper Holding Co. [c]ibé áit a bhforbrófar an fiontar, bunófar eagraíocht an Pháirtí, cibé áit a bhfuil na príomhphointí, leathnófar obair tógála an Pháirtí, chun athshondas, comhtháthú frithpháirteach agus dul chun cinn a bhaint amach idir tógáil agus táirgeadh, oibriú agus bainistíocht an Pháirtí.’ ⁽⁵⁴⁾
- (82) Mar sin féin, is gnách do Pháirtí Cumannach na Síne anois idirghabhálacha a dhéanamh sa chinnteoireacht oibríochtúil, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ⁽⁵⁵⁾, ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin, agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar beagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid ar fhás struchtúir an stáit agus an Pháirtí le chéile sa tSín.

⁽⁴²⁾ Féach: <https://www.hwpaper.cn/> (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁴³⁾ Féach: https://www.kingdecor.cn/sort_8.html (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁴⁴⁾ Féach: <http://www.qifeng.cn/> (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁴⁵⁾ Féach: <https://cn.hengdaxincai.com/tzzgx.html> (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁴⁶⁾ Féach lch. 79, ar fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-02/9935660.PDF (arna rochtain an 18 Samhain 2024).

⁽⁴⁷⁾ Féach lch. 144, ar fáil ag: <http://www.chenmingpaper.com/Uploadfile/pdf/202403291007003469.pdf>, (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁴⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2024/1923, 11.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1923/oj) aithris 133.

⁽⁴⁹⁾ Féach https://www.pgvt.cn/index.php?s=Home/Article/lists/art_type/strat_index (arna rochtain an 30 Aibreán 2024).

⁽⁵⁰⁾ Féach <http://www.ansteel.cn/yewubankuai/fantaichanye/2016-11-18/5.html> (arna rochtain an 30 Aibreán 2024).

⁽⁵¹⁾ Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 na cuideachta, lch. 73, ar fáil ag: <https://static.cninfo.com.cn/finalpage/2024-03-26/1219403167.PDF> (arna rochtain an 30 Aibreán 2024).

⁽⁵²⁾ Féach: <http://www.qingshanpaper.com/intro/12.html> (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁵³⁾ Féach: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2018/2018-4/2018-04-17/4241785.PDF (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁵⁴⁾ Féach: <http://www.chenmingpaper.com/about/djgz.aspx> (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁵⁵⁾ Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 47-50.

- (83) Tá earnáil an pháipéir maisiúcháin faoi réir roinnt beartas rialtais freisin, ós rud é gur liostaíodh earnáil an láin adhmaid mar thionscal atáthar a spreagadh i gCatalóg Treorach 2019 maidir le Coigeartú Struchtúrach Tionscail ⁽⁵⁶⁾, agus ina leagan nuashonraithe le haghaidh 2024 ⁽⁵⁷⁾. Ar an gcaoi chéanna, agus mar a bhunaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ⁽⁵⁸⁾, i leagan 2024 de Chatalóg Treorach maidir le Coigeartú Struchtúrach an Tionscail tugtar aghaidh go díreach ar earnáil TiO₂ trí phróiseas aigéid shulfarach TiO₂ a liostú mar thionscal srianta, agus i leagan 2019 de liostaítear próiseas clóiríde TiO₂ mar cheann spreagtha ⁽⁵⁹⁾.
- (84) Thairis sin, leagtar amach an cuspóir seo a leanas sa 14^ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus i bpeirspictíochtaí 2035: *Tionscail thraidisiúnta a chlaochlú agus a uasghrádú, barrfheabhsú leagan amach agus coigeartú struchtúrach tionscal amhábhhar amhail peitricéimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála a chur chun cinn, soláthar táirgí ardcháilíochta amhail tionscal éadrom agus teicstílí a leathnú, dlús a chur le claochlú agus uasghrádú príomhthionscal amhail ceimiceáin agus déanamh páipéir* ⁽⁶⁰⁾.
- (85) Chomh maith leis sin, i dTuairim Threorach 2022 maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Éadroim ⁽⁶¹⁾ a chur chun cinn, éilítear *‘Dlús a chur le dul chun cinn sna príomhtheicneolaíochtaí: Maidir leis na naisc laga i dtionscail amhail déanamh páipéir (...) déanfar roinnt treochláir nuálaíochta teicneolaíochta i bpríomhréimsí a scrúdú, a tharraingt suas agus a eisiúint (...) déanfar taighde agus forbairt theicneolaíoch, innealtóireacht agus tionsclú a dhoimhniú agus a chothú, cuirfear dlús le bunú croíchóras teicneolaíochta, agus ardófar leibhéal teicneolaíochta an tionscail’* ⁽⁶²⁾ agus *‘cothófar roinnt sársceimeanna monaraíochta cliste i dtionscail amhail [...] déanamh páipéir’* ⁽⁶³⁾.
- (86) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ⁽⁶⁴⁾. Mar shampla, tá coiste speisialta maidir le páipéar maisiúcháin curtha ar bun ag Comhlachas Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne (‘CNFPIA’). ⁽⁶⁵⁾ Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 3 d’Airteagail Chomhlachais CNFPIA, *‘glacann an eagraíocht leis an treoir ghnó, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail’* ⁽⁶⁶⁾.
- (87) Tá Hangzhou Huawang New Material Technology ina chomhalta de CNFPIA agus feidhmíonn sé mar leas-uachtarán ar choiste speisialta CNFPIA ar pháipéar maisiúcháin ⁽⁶⁷⁾.

⁽⁵⁶⁾ Roinn I.19.1, leathanach 43, atá ar fáil ag: <https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf>, (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁵⁷⁾ Roinn I.19.1, leathanach 44, atá ar fáil ag: <https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/P020231229700886191069.pdf>, (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁵⁸⁾ Féach Aithris (159) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, atá le fáil ag: ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1923/oj.

⁽⁵⁹⁾ Maidir le modh an phróisis aigéid shulfaraigh, féach Catalóg Treorach 2024, lch. 88 (i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2024) atá ar fáil ag <https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/P020231229700886191069.pdf> (arna rochtain an 18 Samhain 2024). Liostaíodh an modh sin mar mhodh srianta i gCatalóg Treorach 2019, lch. 84 freisin. Maidir le modh an phróisis clóiríde, féach Catalóg Treorach 2019, lch. 15 (i bhfeidhm go dtí an 31 Eanáir 2024), atá ar fáil ag <https://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf> (arna rochtain an 18 Samhain 2024).

⁽⁶⁰⁾ Féach Roinn III.8, ar fáil ag: http://www.xinhuanet.com/2021-03/13/c_1127205564.htm, (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁶¹⁾ Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-06/19/content_5696665.htm, (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁶²⁾ Ibid, mír 3.

⁽⁶³⁾ Ibid, mír 12.

⁽⁶⁴⁾ Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.

⁽⁶⁵⁾ Féach: http://www.cnfpia.org/sf_8A67D37C5FBF469EB7F2E8CEFF0B36E5_297_4AAFEFB7475.html (arna rochtain an 19 Samhain 2024).

⁽⁶⁶⁾ Féach: <http://www.cnfpia.org/about-law.html> (arna rochtain an 15 Samhain 2024).

⁽⁶⁷⁾ Féach lch. 11, tuarascáil bhliantúil Hangzhou Huawang New Material Technology 2023, atá le fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-29/10136207.PDF, (arna rochtain an 19 Samhain 2024).

- (88) Tá Zhejiang Kingdecor Paper ina chomhalta de CNFPIA freisin agus feidhmíonn sé mar stiúrthóir ar choiste speisialta CNFPIA maidir le páipéar maisiúcháin ⁽⁶⁸⁾
- (89) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an tairge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.
- 3.2.1.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: láithreacht an Stáit i ngnólachtaí rud a lamhálaí don stát cur isteach a dhéanamh maidir le praghsanna nó costais
- (90) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht an stáit agus san earnáil phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.
- (91) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil tríúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ⁽⁶⁹⁾) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíochta an Pháirtí.
- (92) Níor léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ⁽⁷⁰⁾, lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ⁽⁷¹⁾.
- (93) Cheana féin in 2018, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 73 % den 2,57 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ⁽⁷²⁾. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an tairge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.
- (94) De bhreis air sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('na Treoirlínte') ⁽⁷³⁾ rud a chuir le ról choistí an pháirtí i bhfiontair phríobháideacha.
- (95) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur go héifeachtach leis an obair sa réimse sin'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]í mór dúinn freisin dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chur ar chumas chomhaltaí an Pháirtí a ról a chomhlíonadh mar urghardaí agus mar cheannródaithe'. Cuirtear béim sna Treoirlínte ar ról Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí agus in eintitis eile de chuid na hearnála príobháidí agus féachtar leo an ról sin a mhéadú ⁽⁷⁴⁾.

⁽⁶⁸⁾ Féach: https://www.kingdecor.cn/list_269.html, (arna rochtain an 19 Samhain 2024).

⁽⁶⁹⁾ Tuarascáil, Caibidil 3, lch. 40.

⁽⁷⁰⁾ Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster; Foreign Affairs, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.

⁽⁷¹⁾ Tuarascáil, Caibidil 3, lch. 41.

⁽⁷²⁾ Féach: <https://merics.org/en/comment/who-ccp-chinas-communist-party-infographics> (arna rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2024).

⁽⁷³⁾ Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua, féach: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

⁽⁷⁴⁾ Financial Times (2020) - Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise, féach: <https://on.ft.com/3mYxP4j> (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

- (96) Deimhníodh san imscrúdú reatha go bhfuil forluí ann idir seasaimh bhainistíochta agus ballraíocht/feidhmeanna Pháirtí Cumannach na Síne in earnáil an pháipéir maisiúcháin. Chun sampla a thabhairt, feidhmíonn comhalta de bhord stiúrthóirí Xianhe, cuideachta shealbháochta Kingdecor, mar rúnaí Páirtí na cuideachta freisin ⁽⁷⁵⁾. Mar a fuarthas amach san imscrúdú, thug Xianhe 'freagra ar ghlaio choiste lárnach an Pháirtí agus rinne sé comhtháthú gníomhach sa phatrún forbartha nua.' ⁽⁷⁶⁾
- (97) Sampla eile den fhorluí sin idir poist bhainistíochta agus ballraíocht/feidhmeanna Pháirtí Cumannach na Síne is ea cás Qifeng New Material, a bhfuil a chathaoirleach ar an mbord stiúrthóirí ina chomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne ⁽⁷⁷⁾. In 2023, chloígh Qifeng New Material, 'le treoraíocht Mhachnamh Xi Jinping ar an Sóisialachas lena ngabhann Saintréithe Síneacha le haghaidh Ré Nua, agus faoi cheannaireacht láidir Choiste Páirtí agus Bhord Stiúrthóirí na cuideachta, rinne [an chuideachta] iniúchadh gníomhach ar mhargáí idirnáisiúnta agus intíre araon.' ⁽⁷⁸⁾
- (98) Fuarthas sampla breise in Fujian Qingshan Paper Industry Co. ina bhfeidhmíonn cathaoirleach an bhoird stiúrthóirí mar rúnaí choiste an Pháirtí freisin ⁽⁷⁹⁾. Sa chéad leath de 2024, 'chloígh [an chuideachta] le treoraíocht Mhachnamh Xi Jinping ar an Sóisialachas le Tréithe Síneacha don Ré Nua [agus] chuir sí go gníomhach le forbairt an pháirtí a chomhtháthú go domhain i dtáirgeadh agus in oibríochtaí an ghnó' ⁽⁸⁰⁾.
- (99) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhhar agus ionchur freisin ⁽⁸¹⁾. Dá réir sin, de bharr láithreacht an stáit i ngnóilachtaí, san earnáil páipéir maisiúcháin agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach ar phraghsanna agus costais.
- 3.2.1.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir
- (100) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh go leibhéal suntasach le córas casta pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.
- (101) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ⁽⁸²⁾.

⁽⁷⁵⁾ Féach tuarascáil bhliantúil Xianhe 2023, lch. 47, atá ar fáil ag: https://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNESH_STOCK/2024/2024-4/2024-04-27/10119843.PDF (arna rochtain an 25 Samhain 2024).

⁽⁷⁶⁾ Féach tuarascáil leathbhliana Xianhe 2024, lch. 22, atá le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNESH_STOCK/2024/2024-8/2024-08-15/10375049.PDF (arna rochtain an 25 Samhain 2024).

⁽⁷⁷⁾ Féach tuarascáil bhliantúil Qifeng 2023, lch. 27, atá ar fáil ag: <http://www.qifeng.cn/public/upload/file/20240417/1713317915129159.pdf> (arna rochtain an 25 Samhain 2024).

⁽⁷⁸⁾ Féach tuarascáil bhliantúil Qifeng 2023, lch. 13, atá ar fáil ag: <http://www.qifeng.cn/public/upload/file/20240417/1713317915129159.pdf> (arna rochtain an 25 Samhain 2024).

⁽⁷⁹⁾ Féach: <http://www.qingshanpaper.com/news/10237.html> (arna rochtain an 25 Samhain 2024) agus i dtuarascáil leathbhliana 2024 na cuideachta, lch. 49 atá ar fáil ag: https://www.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/new/2024-08-20/600103_20240820_CTDO.pdf (arna rochtain an 25 Samhain 2024).

⁽⁸⁰⁾ Féach: <http://www.qingshanpaper.com/news/10237.html> (arna rochtain an 25 Samhain 2024) agus i dtuarascáil leathbhliana 2024 na cuideachta, lch. 11 atá ar fáil ag: https://www.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/new/2024-08-20/600103_20240820_CTDO.pdf (arna rochtain an 25 Samhain 2024).

⁽⁸¹⁾ Tuarascáil, Caibidil 12.

⁽⁸²⁾ Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.

- (102) Tá roinnt beartas achtaithe ag údarais na Síne lena dtreoraítear feidhmiú na hearnála páipéir maisiúcháin.
- (103) Mar shampla, ina 14^ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus peirspictíochtaí 2035, tá sé beartaithe ag cúige Shandong 'tionscail thraidisiúnta a bharrfheabhsú agus a uasghrádú: [...] tionscail chlasaiceacha amhail teicstílí agus éadaí, bia, déanamh páipéir, [...] a bharrfheabhsú agus a bheachtú, [...]’⁽⁸³⁾.
- (104) Ina theannta sin, éilíonn an 14^ú Plean Cúig Bliana speisialta de chúige Fujian ar Fhorbairt Ardchaighdeán an Tionscail Déantúsaíochta 'díriú ar cháilíocht páipéir tí, páipéir pacáistithe agus cairtchláir, páipéir speisialta agus cairtchlár a fheabhsú, struchtúr éagsúil, taighde agus forbairt na n-acmhainní laín agus snáithíní páipéir a bharrfheabhsú chun lena n-úsáid chuimsitheach’⁽⁸⁴⁾.
- (105) Ina theannta sin, ar leibhéal na gcúigí, sonraítear i bPlean Speisialta Fujian maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Monaraíochta le linn thréimhse an 14^ú Plean Cúig Bliana, i gcás 'déanamh páipéir agus táirgí páipéir: [tabharfaidh an rialtas] treoir (...) do pháipéir Qingshan agus d'fhiontair eile chun fothú acmhainneachta nuálaíochta dúchasai a neartú, acmhainneachtaí comhtháthaithe dearaidh a ardú agus leibhéal an phróisis táirgthe, na teicneolaíochta agus an trealaimh a fheabhsú’⁽⁸⁵⁾.
- (106) Chomh maith leis sin, i gcúige Zhejiang, deimhníodh san imscrúdú gurb ann do bheartais fhabhracha na n-údarás poiblí agus na mbanc faoi úinéireacht an stáit i leith monaróirí páipéir mar threoraíonn an cúige 'institiúidí airgeadais chontae Longyou chun feabhas a chur ar thimpeallacht airgeadais na bpríomhfhiontar, leanann sé de sheirbhísí airgeadais a bharrfheabhsú, tacaíocht don fhíorgheilleagar a mhéadú, go háirithe don tionscal páipéir’⁽⁸⁶⁾.
- (107) Ina theannta sin, tá na hionchuir a úsáidtear chun páipéir maisiúcháin a tháirgeadh faoi réir bheartais an rialtais freisin. Go sonrach, is amhlaidh an cás maidir le laíon adhmaid a chumhdaítear leis an 14^ú Plean Cúig Bliana de chuid na Síne maidir le Forbairt an Tionscail Foraoise agus Féaraigh (2021-2025)⁽⁸⁷⁾ ('An 14^ú Plean Cúig Bliana maidir le Foraoisí') lena gceanglaítear a mhéid a bhaineann le 'déanamh laín agus páipéir: [d'fhonn] dlús a chur le deireadh a chur le hacmhainneacht táirgeachta atá imithe i léig agus astaíochtaí truaillitheacha a laghdú [agus] chun an claochlú teicneolaíoch a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar úsáid fuinnimh agus amhábhar'. Fuarthas amach san imscrúdú in earnáil TiO2 freisin go bhfuil bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh⁽⁸⁸⁾.
- (108) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'feidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.
- (109) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin bac ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

3.2.1.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdheallaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

- (110) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é firinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

⁽⁸³⁾ Féach Roinn IV.12, leathanach 27, atá le fáil ag:

<https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/dfzgh/202105/P020210513602621066980.pdf> (arna rochtain an 19 Samhain 2024).

⁽⁸⁴⁾ Féach: <https://huanbao.bjx.com.cn/news/20210707/1162695.shtml>, (arna rochtain an 18 Samhain 2024).

⁽⁸⁵⁾ Féach: <https://huanbao.bjx.com.cn/news/20210707/1162695.shtml> (arna rochtain an 26 Samhain 2024).

⁽⁸⁶⁾ Féach: https://jxt.zj.gov.cn/art/2022/12/19/art_1229123455_5040362.html (arna rochtain an 26 Samhain 2024).

⁽⁸⁷⁾ Féach bosca 8.3, leathanach 39, <http://www.forestry.gov.cn/c/www/lczc/44287.jhtml> (arna rochtain an 19 Samhain 2024).

⁽⁸⁸⁾ Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithrisí (153-172).

- (111) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, is minic a imríonn an ról sin tionchar díreach ar thoradh na n-imeachtaí ⁽⁸⁹⁾.
- (112) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gcearta maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ⁽⁹⁰⁾. Is leis an stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá leithdháileadh na talún fós ag brath ar an stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ⁽⁹¹⁾. Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ⁽⁹²⁾.
- (113) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá d'éifeacht leis sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir saobhadh ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na foraoiseachta agus na próiseála adhmaid, agus, dá bhrí sin, in earnáil an pháipéir maisiúcháin. Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon rud a chaithfeadh amhras ar na torthaí sin.
- (114) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.
- 3.2.1.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá
- (115) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin bhunúsacha de chuid EIS, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ⁽⁹³⁾.
- (116) Faoi ndlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint ⁽⁹⁴⁾. Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.
- (117) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ⁽⁹⁵⁾.
- (118) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil an pháipéir maisiúcháin faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar a dtugtar tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

⁽⁸⁹⁾ Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 171-179.

⁽⁹⁰⁾ Tuarascáil, Caibidil 9, lgh. 260-261.

⁽⁹¹⁾ Tuarascáil, Caibidil 9, lgh. 257-260.

⁽⁹²⁾ Tuarascáil, Caibidil 9, lgh. 252-254.

⁽⁹³⁾ Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.

⁽⁹⁴⁾ Tuarascáil, Caibidil 13, lgh. 366.

⁽⁹⁵⁾ Tuarascáil, Caibidil 13, lgh. 370-373.

3.2.1.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(119) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(120) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an stáit, i gcóras airgeadais na Síne ⁽⁹⁶⁾, agus cuireann siad critéir seachas inmhárthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ⁽⁹⁷⁾ agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(121) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit ⁽⁹⁸⁾. Cé go n-admhaítear go dtagraítear le forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tugann formhór na fianaise le fios. lena n-áirítear torthaí imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(122) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus go mbeidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta anois ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ⁽⁹⁹⁾. Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go sonrach, an chaoi 'a bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorghilleagar', agus go háirithe an chaoi 'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn' ⁽¹⁰⁰⁾.

(123) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ⁽¹⁰¹⁾. Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ⁽¹⁰²⁾. Is é an toradh atá air sin, claonadh i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit, do ghnólachtaí móra príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí i bpríomhearnálacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas caipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.

(124) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghíaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

⁽⁹⁶⁾ Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 137-140.

⁽⁹⁷⁾ Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 146-149.

⁽⁹⁸⁾ Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 149.

⁽⁹⁹⁾ Féach an Plean gníomhaíochta 3 bliana chun rialachas corparáideach na n-earnálacha baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022) a d'eisigh Coimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') an 28 Lúnasa 2020; le fáil ag: <http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928> (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024). Tugtar treoir sa Phlean 'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'. Thairis sin, is é is aidhm do roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: 'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta [...] Ní mór do Choiste an Pháirtí mór-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinntíodh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad'.

⁽¹⁰⁰⁾ Féach an Fógra maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála a d'eisigh CBIRC an 15 Nollaig 2020, atá le fáil ag: http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

⁽¹⁰¹⁾ Tuarascáil, Caibidil 6, lgh. 157-158.

⁽¹⁰²⁾ Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

- (125) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, ní toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na comharthaí praghaís go fóill ach bíonn tionchar orthu ag saobhadh a thagann ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú de réir an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is é a bhí i gceist leis aon trian ar a laghad den iasachtú ar fad ag deireadh 2018 ⁽¹⁰³⁾. Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr Páirtí Cumannach na Síne *‘ráta úis an mhargaidh le haghaidh an iasachtaithe a thabhairt síos’* ⁽¹⁰⁴⁾. De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.
- (126) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaithe leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeifí ag súil leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaoifa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí ‘zombaí’ mar a thugtar orthu, sin nó úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh deireadh curtha le fadhb fhoriomlán an fhiachais ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.
- (127) Go bunúsach, d’ainneoin na mbearta a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, de thoradh na hidirghabhála substaintiúla rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.
- (128) Níor tíolacadh aon fhianaise san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d’earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, de thoradh na hidirghabhála substaintiúla rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.1.8. Gné shistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air

- (129) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíoraí agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil nuashonraithe ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.
- (130) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go dtagann na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) faoi lé an tsaofa shistéamaigh chéanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir saobhadh. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir saobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. De bhréis air sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus i ngach earnáil. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe in aithrisí (51) agus (128) thuas. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí páipéar maisiúcháin faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.
- (131) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil.
- (132) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhair ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur leis an ionchur agus mar sin de.

⁽¹⁰³⁾ ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras. lch. 29, féach: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 21 Deireadh Fómhair 2024).

⁽¹⁰⁴⁾ Féach ag: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (rochtain faighte an 21 Deireadh Fómhair 2024).

(133) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin san imscrúdú atá ann faoi láthair.

3.2.1.9. Argóintí a chuir páirtithe leasmhara chun cinn

(134) Ar an gcéad dul síos, ghlac CNFPIA an seasamh nach bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán infheidhme mar gheall ar a neamh-chomhoiriúnacht le comhaontuithe EDT agus na rialuithe ó Chomhlacht um Réiteach Díospóidí EDT ('DSB').

(135) Go háirithe, d'áitigh CNFPIA an méid seo a leanas:

- (a) ós rud é go ndeachaigh roinnt forálacha de Phrótacal Aontachais na Síne leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála atá ábhartha maidir le ríomh dumpála in éag an 11 Nollaig 2016, nach mór don Aontas a oibleagáidí comhfhreagracha faoi dhlí EDT a urramú;
- (b) i gcomhréir le torthaí an Bhuanachomhlachta Achomhairc in DS473⁽¹⁰⁵⁾, chun na costais a ríomh chun gnáthluach an táirge lena mbaineann a fháil nuair nach féidir an praghas intíre sa tír is onnmhaireoir a úsáid, ní cheadaítear do na húdaráis imscrúdúcháin meastóireacht a dhéanamh ar na costais a thuairiscítear sna taifid a choinníonn an t-onnmhaireoir/táirgeoir de bhun tagarmharc nach mbaineann leis na costais táirgthe sa tír thionscnaimh.

(136) Ar an dara dul síos, d'áitigh CNFPIA nach bhfuil fianaise mhaith ann maidir leis an saobhadh líomhnaithe agus, fiú dá mbeidís ann, nach ndearna siad difear don táirge lena mbaineann.

(137) Thairis sin, chuir CNFPIA an méid seo a leanas in iúl:

- (a) gur de chineál ginearálta iad na líomhaintí sa ghearán agus baineann siad le struchtúr geilleagair na Síne, seachas le hearnáil an táirge lena mbaineann. Braithfeann siad den chuid is mó ar an Tuarascáil agus ar imscrúduithe an Choimisiúin roimhe seo. Tá amhras ann faoi luach fianaiseach agus faoi ábharthacht na dtosca trasearnálacha líomhnaithe atá i ngeilleagar na Síne a mheastar a bheith saofa de réir na Tuarascála. Go háirithe, ní nochtar sa Tuarascáil aon nasc le tionscal páipéir maisiúcháin na Síne. Maidir leis an imscrúdú roimhe seo ón gCoimisiún, tá amhras ann faoi spleáchas na ngearánach ar na torthaí i gcás sraithadhmaid okoumé, ós rud é nach ionann an fhianaise sa chás sin agus an fhianaise atá ábhartha don imscrúdú reatha, agus toisc nach féidir a thoimhdiú go ndéanann na cinntí maidir le hidirghabhálacha rialtais de bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán ó chás sraithadhmaid okoumé an difear céanna do mhargadh an pháipéir maisiúcháin;
- (b) níor chuir na gearánaigh fianaise leordhóthanach ar fáil a thugann le fios go bhfreastalaíonn cuideachtaí atá faoi rialú an Stáit 'ar bhealach suntasach' ar mhargadh an pháipéir maisiúcháin, nó go mbeadh an Stát i láthair i ngnóilachtaí 'a ligfeadh don Stát cur isteach i ndáil le praghsanna agus costais'. Níor shonraigh na gearánaigh ach an oiread cad é an líon iomlán táirgeoirí páipéir maisiúcháin Síneacha agus an sciar den mhargadh atá ag na cuideachtaí a líomhnaítear a bheith faoi rialú Rialtas na Síne. I ndáil leis sin, chuir na páirtithe in iúl nach bhfuil i gceist leis an bhfiontar faoi úinéireacht stáit Jilin Group, dá dtagraíonn na gearánaigh, ach thart ar 10 % d'onnmhairí iomlána an táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'áitigh na páirtithe freisin gur theip ar na gearánaigh aon fhianaise a chur ar fáil a léiríonn láithreachtaí Pháirtí Cumannach na Síne a mhéid a bhaineann leis na páirtithe.

(138) Maidir le hargóintí na bpáirtithe maidir le comhoiriúnacht le dlí EDT, mheabhraigh an Coimisiún, in imeachtaí frithdhumpála a bhaineann le táirgí ón tSín, go bhfuil feidhm fós ag na codanna de Roinn 15 de Phrótacal Aontachais na Síne le EDT nach bhfuil imithe in éag agus gnáthluach á chinneadh, i ndáil le caighdeán an gheilleagair margaidh agus i ndáil le húsáid modheolaíochta nach bhfuil bunaithe ar chomparáid dhocht le praghsanna nó costais na Síne.

⁽¹⁰⁵⁾ WT/DS473- An tAontas Eorpach - Bearta Frithdhumpála ar Bhithdhíosal ón Airgintín, le fáil ag http://www.wto.org/english/tratop_e/dispu_e/cases_e/ds473_e.htm.

- (139) Maidir le tagairt na bpáirtithe do DS473, mheabhraigh an Coimisiún nár bhain Tuarascáil an Bhuanchomhlachta Achomhairc in DS473 le cur chun feidhme Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ach le coinníoll ar leith laistigh d'Airteagal 2(5) den bhun-Rialachán. Mar sin féin, ceadáítear le dlí EDT, arna léirmhíniú ag an mBuanchomhlacht Achomhairc in DS473, sonraí ó thríú tír a úsáid, arna gcoigeartú go cuí nuair is gá an coigeartú sin agus nuair atá bunús leis. Go deimhin, mar gheall ar shaobhadh suntasach a bheith ann, níl costais agus praghsanna sa tír is onnmhaireoir iomchuí chun gnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí glacadh le hargóintí na bpáirtithe.
- (140) Maidir le hargóintí na bpáirtithe ar fhianaise leordhóthanach chun a léiriú gurb ann do shaobhadh suntasach, mheabhraigh an Coimisiún ag an tús gur féidir leis, de réir Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, imscrúdú a thionscnamh ar an mbonn sin, má mheasann an Coimisiún gur leor an fhianaise a chuir na gearánaigh isteach maidir leis an saobhadh suntasach. Mheabhraigh an Coimisiún, sa chomhthéacs sin, mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta in *Viraj Profiles*, nach ionann cainníocht agus cáilíocht na fianaise is gá chun critéir leordhóthanach na fianaise a chomhlíonadh chun imscrúdú a thionscnamh agus an méid is gá chun críche réamhchinneadh nó cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le dumpáil, díobháil nó nasc cúisíoch a bheith ann ⁽¹⁰⁶⁾. Chomhlíon an gearán na caighdeáin a leagtar síos in Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, i gcomhar le hAirteagal 2(6a)(d). Go deimhin, mar a tugadh le fios san fhógra tionscnaimh ⁽¹⁰⁷⁾, mheas an Coimisiún gur leor an fhianaise a bhí ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léiríonn nach iomchuí na praghsanna agus na costais intíre sa tSín a úsáid i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, agus, ó tharla sin amhlaidh, go n-éilítear imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.
- (141) Dá bhrí sin, lean an Coimisiún d'fhianaise a thabhairt i leith an tsaofa sin. Chun é sin a dhéanamh, bhailigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, na sonraí is gá chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach agus a thionchar agus an úsáid a bhaintear as an modheolaíocht a fhorordaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán ina dhiaidh sin. Cuirtear i láthair i Roinn 6.3 den Rialachán seo na sonraí a bhailigh Coimisiún agus na conclúidí a thagann astu, cibé acu maidir le cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit a bheith i láthair in earnáil an táirge lena mbaineann nó maidir leis na naisc le Páirtí Cumannach na Síne. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir glacadh le hargóintí na bpáirtithe ar an bhfianaise atá sa ghearán.

3.2.1.10. Conclúid

- (142) San anailís a leagtar amach sa roinn seo, lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile atá ar fáil a bhaineann le hidirghabháil na Síne ina geilleagar go ginearálta agus in earnáil an táirge lena mbaineann, léiríodh nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge lena mbaineann, lena n-áirítear costais na n-amhábh agus na n-ionchur, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabháil shubstantiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán mar a léirítear leis an tionchar iarbhrí nó leis an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear ann.
- (143) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.
- (144) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a shuí go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhsaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn seo a leanas.

⁽¹⁰⁶⁾ Breithiúnas an 11 Iúil 2017, *Viraj Profiles v an Chomhairle*, T-67/14, ECLI:EU:T:2017:481, mír 98.

⁽¹⁰⁷⁾ Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí páipéar maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a foilsíodh an 14 Iúil 2024. C/2024/3695. Le fáil ag: Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí páipéar maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

3.2.2. Tír ionadaíoch

3.2.2.1. Barúlacha ginearálta

(145) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

- Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ⁽¹⁰⁸⁾;
- Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;
- Gurb ann do shonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.
- I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(146) Mar a mhínítear in aithrisí (36) go (38), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuíomh: an chéad nóta maidir le tosca táirgeachta dar dáta an 2 Deireadh Fómhair 2024 (an 'chéad nóta') agus an dara nóta maidir leis na tosca táirgeachta dar dáta an 6 Nollaig 2024 (an 'dara nóta').

(147) Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha.

(148) Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Téalainn a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(149) Sa chéad nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad an Téalainn, an Bhrasaíl, an Indinéis agus an Tuirc inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(150) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaithníodh sa nóta sin.

Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(151) Sa dara nóta, thug an Coimisiún le fios, i gcás na dtíortha a sainaithníodh mar thíortha ina bhfuil táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh, i.e. an Téalainn, an Bhrasaíl, an Indinéis agus an Tuirc, gur ghá infhaighteacht sonraí a bhfuil sé éasca teacht orthu a fhíorú a thuilleadh go háirithe maidir le sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú.

(152) D'fhéach an Coimisiún ar láithreachtaí táirgeoirí páipéir maisiúcháin i ngach ceann de na ceithre thír a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch agus chuardaigh sé sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca maidir le cuideachtaí a tháirgeann an táirge atá faoi imscrúdú. Ní raibh an Coimisiún in ann aon chuideachta den sórt sin a shainaithint sna ceithre thír ionadaíocha fhéideartha.

⁽¹⁰⁸⁾ Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, <https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income>.

- (153) Bhreathnaigh an Coimisiún ansin ar tháirgeoirí táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna den táirge faoi imscrúdú i ngach ceann de na ceithre thír ionadaíocha fhéideartha, lena n-áirítear páipéar speisialtacht (pacáistíocht agus lipéid sholúbtha den chuid is mó) agus páipéar priontála freisin. Níor sainaithníodh aon chuideachta sa chatagóir seo le sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca. Shainaithin na gearánaigh sa ghearán cuideachta de chuid na Téalainne (Muileann Páipéir na Téalainne) sa chatagóir seo agus sholáthair siad doiciméid, a líomhnaítear a bhain lena sonraí airgeadais in 2022. Mar sin féin, ní raibh aon chuid den tréimhse imscrúdúcháin san áireamh sa tréimhse dá dtagraítear, agus ba asbhaint neamhoifigiúil barr feabhais ó bhunachar sonraí a bhí sna sonraí ⁽¹⁰⁹⁾. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann na sonraí airgeadais a dheimhniú ó aon fhoinsí a bhí ar fáil go héasca.
- (154) D'fhéach an Coimisiún ansin ar tháirgí eile sa chatagóir ghinearálta chéanna agus an táirge faoi imscrúdú ('táirgeoirí páipéir agus pacáistíochta') ⁽¹¹⁰⁾, toisc go luaitear pacáistíocht freisin sa tuairisc ar na ceithre chód CC lena mbaineann ⁽¹¹¹⁾, lena n-eisíatar laíon adhmaid, ar táirge réamhtheachtach/amhábhair é atá go hiomlán difriúil ó chineál an táirge lena mbaineann. Shainaithin an Coimisiún sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca in Orbis le haghaidh táirgeoirí de chuid na Téalainne, is iad sin: SIAM KRAFT INDUSTRY CO LTD; DOUBLE A (1991) PUBLIC COMPANY; THAI CONTAINERS GROUP CO LTD agus SIG COMBIBLOC CO LTD. a luaitear thíos freisin i Roinn 3, inar léiríodh leibhéal réasúnta brabúsachta le haghaidh 2023. Ba í an Téalainn an t-aon tír ionadaíoch fhéideartha, ar aimsíodh sonraí airgeadais poiblí maidir le táirgeoirí páipéir agus pacáistíochta ina leith a bhí ar fáil go héasca. I gcás na dtíortha ionadaíocha fhéideartha eile, fuair an Coimisiún faisnéis in Orbis maidir le roinnt cuideachtaí a raibh caillteanas á dhéanamh acu sa bhliain airgeadais 2023 nó maidir le cuideachtaí nach raibh aon sonraí airgeadais ar fáil dóibh le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin.
- (155) Ní bhfuarthas aon bharúil laistigh den sprioc-am. Chuir páirtí amháin, KINGDECOR, barúlacha isteach tar éis an sprioc-ama agus déileálfar leo ag an gcéim chinntitheach.

Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

- (156) Tar éis a shuí go bhféadfadh an Téalainn a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí ar bhonn na ngnéithe uile thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.2.2. Conclúid

- (157) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Téalainn na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.3. Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaoifa a shuí

- (158) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaoifa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

⁽¹⁰⁹⁾ https://datawarehouse.dbd.go.th/company/profile/vScPNww_dec61eAs8SflvBpRIrRb0ZQTkaQ5FAs7U l1gSCofjO0PTqqcpWa511Vv.

⁽¹¹⁰⁾ NACE Rev. 2: 1723 - Monarú páipéir agus cairtchláir mar an earnáil tionscail is cúinge ina bhfuil AC 6 dhigit an táirge faoi imscrúdú — Áirítear i bpáipéarchlár idir pháipéarchlár solúbtha/éadrom (e.g. speisialtacht) agus pháipéarchlár crua.

⁽¹¹¹⁾ Cóid CC: 4802 54, 4802 55, 4805 91, 4811 60.

- (159) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') ⁽¹¹²⁾ chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na staitisticí a d'fhoilsigh an Oifig Staidrimh Náisiúnta trí Bhanc na Téalainne ⁽¹¹³⁾, leabharlann ECFE ⁽¹¹⁴⁾ agus an fhoilseachán 'Cost of Doing Business in Thailand 2023' ⁽¹¹⁵⁾ chun costais neamhshaofa an tsaothair a shuí agus na staitisticí leith praghsanna leictreachais a d'fhoilsigh Údarás Leictreachais Cathrach na Téalainne ⁽¹¹⁶⁾ le haghaidh an leictreachais.
- (160) Mhínigh an Coimisiún sa Dara Nóta go raibh sé ar intinn aige praghas na gaile sa Téalainn a ríomh agus úsáid á baint, mar bhonn, as an modheolaíocht a mhol Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe ⁽¹¹⁷⁾. Soláthraíonn an mhodheolaíocht seo costas le haghaidh gaile bunaithe ar an ionchur teasa is gá chun é a tháirgeadh le gás nádúrtha. Chuige sin, bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún an gás nádúrtha a úsáid mar ionchur teasa agus, dá bhrí sin, praghas an gháis nádúrtha sa Téalainn a d'fhoilsigh Aireacht Fuinnimh na Téalainne ⁽¹¹⁸⁾. Ós rud é nach ríomhann an mhodheolaíocht sin ach costas breosla na gaile, dhéanfaidh an Coimisiún an costas sin a choigeartú le haghaidh uisce, tomhaltán, costais eile, costais SGA agus brabúis.
- (161) Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin go ndéanfaí gás, aer comhbhrúite agus uisce, arb ionann iad uile le chéile agus níos lú ná 0,3 % den chostas táirgthe iomlán, dá bhrí sin, a chumasc ina dtomhaltán. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-ionchur agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofo na n-amhábhair agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige
- (162) Iomlán na dtosca táirgeachta a cumascadh ina dtomhaltán, bhí 3 % den chostas táirgthe iomlán i gceist leo agus dá bhrí sin, ar deireadh, ríomhtar thart ar 4 % den chostas táirgthe iomlán mar thomhaltán.

3.2.4. Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa

3.2.4.1. Tosca táirgeachta

- (163) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuartheanna fíorúcháin, sainithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta páipéir maisiúcháin

Tosca táirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Aonad tomhais	Costas aonaid CNY/aonad
AMHÁBHAIR				
Laíon adhmaid — neamhbhuaircineach	470329	Global Trade Atlas (GTA)	Kg	4,66
Laíon adhmaid — buaircineach	470321	Global Trade Atlas (GTA)	Kg	6,11
Dé-ocsaíd tiótáiniam	32061110 32061190	Global Trade Atlas (GTA)	Kg	24,94

⁽¹¹²⁾ Global Trade Atlas: <https://connect.ihsmarkit.com/>, <http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm>.

⁽¹¹³⁾ https://app.bot.or.th/BTWS_STAT/statistics/BOTWEBSTAT.aspx?reportID=912&language=ENG.

⁽¹¹⁴⁾ https://www.oecd.org/en/publications/oecd-economic-surveys-thailand-2023_4815cb4b-en.html.

⁽¹¹⁵⁾ https://www.boj.go.th/upload/content/Cost_of_Doing_Business.pdf.

⁽¹¹⁶⁾ Údarás Leictreachais Cathrach na Téalainne ag <https://www.mea.or.th/en/statistics/energy-sales>.

⁽¹¹⁷⁾ Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe: 'Benchmark the Fuel Cost of Steam Generation'. Le fáil ag <https://www.energy.gov/eere/amo/articles/benchmark-fuel-cost-steam-generation>.

⁽¹¹⁸⁾ https://public.tableau.com/app/profile/epposite/viz/_16516675014300/sheet0.

Tosca táirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Aonad tomhais	Costas aonaid CNY/aonad
Caoilín	250700000020	Global Trade Atlas (GTA)	Kg	2,83
Oibreán neartaithe fliuch/Roisín Eipeaclóiraidrin Polaimíde (PAE)/Cúnamh coinneála	380992	Global Trade Atlas (GTA)	Kg	7,30
Salann dúbailte sileacáite/Sileacáit sóidiam alúmana	284210	Global Trade Atlas (GTA)	Kg	25,39
Líocha sraitheanna iarainn/Líocha ocsaíde iarainn (buí-dubh-dearg-donn)	282110000010	Global Trade Atlas (GTA)	Kg	10,74
Púdar tailc	25262010 252620900010 252620900020	TOMHALTÁIN		—
Dúch orgánach/líocha/Taos datha	32041710 32041790	TOMHALTÁIN		—
Oibreán frithchúrtha/Glantach	380992	TOMHALTÁIN		—
Stáirse	1108	TOMHALTÁIN		—
Laitéis	4002 11	TOMHALTÁIN		—
Diatóimít	251200	TOMHALTÁIN		—
Dubh carbóin bán	281122	TOMHALTÁIN		—
Hipeaclóirít sóidiam	282890	TOMHALTÁIN		—
Sóid loiscneach leachtach	281512	TOMHALTÁIN		—
Sulfáit alúmanaim	283322	TOMHALTÁIN		—
Baictéiricíd	380892	TOMHALTÁIN		—
Beintinít	250810	TOMHALTÁIN		—
Hiodrocsaíd sóidiam	281511	TOMHALTÁIN		—
Carbónáit sóidiam	283620	TOMHALTÁIN		—
Dramhpháipéar/Páipéar athchúrsáilte	—	TOMHALTÁIN		—
SEACHTHÁIRGÍ				
Dramhpháipéar/Páipéar athchúrsáilte	—	TOMHALTÁIN		—

Tosca táirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Aonad tomhais	Costas aonaid CNY/aonad
FUINNEAMH				
Fuinneamh – Leictreachas	—	Údarás Leictreachais Cathrach na Téalainne	kWh	0,91
Fuinneamh – Gás	—	TOMHALTÁIN		—
Fuinneamh — uisce	—	TOMHALTÁIN		—
Fuinneamh — gal	—	Aireacht Fuinnimh na Téalainne	MT	228,35
Fuinneamh — Aer comhbhrúite	—	TOMHALTÁIN		—
SAOTHAR				
Saothar	—	Oifig Staidrimh Náisiúnta agus Banc na Téalainne	daonuir	20,32

- (164) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Mínítear an mhodheolaíocht go hiomchuí faoin roinn Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímhéas thíos.

Amhábhair agus ionchuir

- (165) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhair mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis.
- (166) A mhéid a bhaineann le laíon adhmaid (eocalaip), cineál adhmaid nach bhfuil coitianta sa tSín ná i dtíortha in aice láimhe, arb é an dara hamhábhair is tábhachtaí é chun páipéar maisiúcháin a tháirgeadh, chruthaigh an dá tháirgeoir Shíneacha le linn an fhíoraithe nach gceannaíonn siad ach ó fhoinsí nach foinsí Síneacha iad ó sholáthróirí neamhchomhlachaithe. Ciallaíonn sé sin gur glacadh lena bpraghsanna allmhairiúcháin agus nár cuireadh praghsanna eile ina n-ionad.
- (167) Maidir leis an bpríomh-amhábhair, dé-ocsaíd tíotáiniam, mhaígh agus chruthaigh KINGDECOR le linn an fhíoraithe gur allmhairigh sé méid teoranta dá dhé-ocsaíd tíotáiniam ó sholáthraithe neamhchomhlachaithe, lasmuigh den tSín. Bhain sé sin le cáilíochtaí nach bhfuil ar fáil sa tSín. Maidir leis an gcuid seo de dhé-ocsaíd tíotáiniam, glacadh lena phraghsanna allmhairí agus níor cuireadh praghsanna eile ina n-ionad.
- (168) I gcás na n-amhábhair uile eile, cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁹⁾.

⁽¹¹⁹⁾ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj>). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

- (169) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Roinn 3.2 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Measadh go raibh na méideanna eile ionadaíoch.

Saothar

- (170) D'úsáid an Coimisiún na staitisticí is déanaí a bhí ar fáil ón Oifig Staidrimh Náisiúnta trí Bhanc na Téalainne, leabharlann ECFE agus an foilseachán 'Cost of Doing Business in Thailand 2023' arna innéacsú go dtí an tréimhse imscrúdúcháin agus úsáid á baint as an meánchostas saothair in earnáil monaraíochta na Téalainne ⁽¹²⁰⁾.

Leictreachas

- (171) Foilsíonn Údarás Leictreachais Cathrach na Téalainne praghas an leictreachais i gcomhair cuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Téalainn ⁽¹²¹⁾. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in THB/kWh mar a foilsíodh go tréimhsiúil iad le haghaidh gach míosa den tréimhse imscrúdúcháin.

Gal

- (172) Mar a shonraítear i roinn 3.2.3, ríomh an Coimisiún praghas na gaile sa Téalainn agus úsáid á baint, mar bhonn, as an modheolaíocht a mhol Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe ⁽¹²²⁾. Soláthraíonn an mhodheolaíocht seo costas le haghaidh gaile bunaithe ar an ionchur teasa is gá chun an táirgeadh a dhéanamh. Chuige sin, d'úsáid an Coimisiún an gás nádúrtha mar ionchur teasa agus, dá bhrí sin, praghas an gháis nádúrtha sa Téalainn a d'fhoilsigh Aireacht Fuinnimh na Téalainne ⁽¹²³⁾. Ós rud é nach ríomhann an mhodheolaíocht sin ach costas breosla na gaile, rinne an Coimisiún an costas sin a choigeartú le haghaidh uisce, tomhaltán, costais eile, costais SGA agus brabúis. Mheas an Coimisiún go mbeadh ráta foriomlán lena gcumhdófaí na costais agus an brabús sin réasúnta. Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara ar an bpointe seo sa dara nóta.

Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

- (173) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostais monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.
- (174) Shloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhrí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.
- (175) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais le haghaidh na gceithre chuideachta Théalannacha, SIAM KRAFT INDUSTRY CO LTD, DOUBLE A (1991) PUBLIC COMPANY, THAI CONTAINERS GROUP CO LTD agus SIG COMBIBLOC CO LTD. mar a bhaintear as Orbis.
- (176) Ba é 11,38 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 9,29 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Mheas an Coimisiún go mbeadh méid brabúis réasúnta, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha mar thoradh ar na rátaí sin nuair a chuirfí i bhfeidhm é ar na costais táirgthe neamhshaofa.

⁽¹²⁰⁾ An Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, an Oifig Staidrimh Náisiúnta, Aireacht an Gheilleagair Dhigitigh agus na Sochaí, an Téalainn https://www.nso.go.th/nsoweb/storage/survey_detail/2024/20240521125659_79859.pdf.

⁽¹²¹⁾ <https://www.mea.or.th/en/statistics/energy-sales>.

⁽¹²²⁾ Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe: 'Benchmark the Fuel Cost of Steam Generation'. Le fáil ag <https://www.energy.gov/eere/amo/articles/benchmark-fuel-cost-steam-generation>.

⁽¹²³⁾ https://public.tableau.com/app/profile/epposite/viz/_16516675014300/sheet0.

Ríomh

- (177) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.
- (178) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhrí thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibriúch. D'fhóirigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais sin. D'íolraigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a shonraítear i Roinn 3.2.4.1.
- (179) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta, mar a mhínítear in aithris (173), leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.
- (180) Maidir leis na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san aithris roimhe seo, chuir an Coimisiún na costais SGA agus na céatadáin brabúis a ríomhadh in aithrisí (174) agus (175) i bhfeidhm orthu.
- (181) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. An praghas onnmhairiúcháin

- (182) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí comhlachaithe.
- (183) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhrí nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.
- (184) Rinne táirgeoirí onnmhairiúcháin amháin an táirge lena mbaineann a onnmhairiú go páirteach chuig an Aontas trí úsáideoirí comhlachaithe, ag gníomhú dó mar allmhairíoir a rinne tuilleadh próiseála ar an táirge lena mbaineann. Níor chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin faisnéis mhionsonraithe ar fáil faoin gcostas a bhaineann le tuilleadh próiseála agus faoin bpraghas díola deiridh, agus dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach úsáid a bhaint as an bpraghas onnmhairiúcháin don úsáideoirí comhlachaithe le haghaidh na n-idirbheart sin. D'iarr an Coimisiún sonraí faoin gcostas próiseála agus faoin bpraghas díola deiridh, sonraí a úsáidfear ansin ag céim chinntitheach chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

3.4. Comparáid

- (185) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chothrom a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus chun lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás sin, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh chun difear a dhéanamh do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.1. Coigeartuithe ar rinneadh ar an ngnáthluach

- (186) Mar a mhínítear in aithris (177), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal na díreach ón monarcha.

- (187) Seachas coigeartú CBL mar gheall ar CBL neamh-in-aisíoctha, níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon choigeartú a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte coigeartuithe den sórt sin.

3.4.2. Coigeartuithe arna ndéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

- (188) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar: dleacht chustaim, muirir eile ar allmhairí, lastas, árachas, lacáistí bliantúla, costais láimhseála, luchtaithe agus choimhdeacha agus costais pacála.
- (189) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa agus táillí bainc

3.5. Corrlaigh dhumpála

- (190) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.
- (191) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Hangzhou HUAWANG New Material Technology Co., Ltd	34,9 %
KINGDECOR (Zhejiang) Co., Ltd.	31,0 %

- (192) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, socraíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ag a bhfuil corrlaigh dhumpála nialasacha agus *de minimis*, ná ar chorrlaigh a socraíodh sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán.
- (193) Ar an mbonn sin, is é 33,6 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.
- (194) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfóras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.
- (195) Ba ard an leibhéal comhoibríthe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 90 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta sampláilte a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.
- (196) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Hangzhou HUAWANG New Material Technology Co., Ltd	34,9 %
KINGDECOR (Zhejiang) Co., Ltd.	31,0 %

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Cuideachtaí comhoibríocha eile	33,6 %
Gach allmhaire eile	34,9 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

- (197) Rinne seacht dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin ⁽¹²⁴⁾. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.
- (198) Suíodh gur thart ar 473 000 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail an bhfreagra ar an macraicheistneoir a chuir an gearánach isteach agus a d'fhóraigh an Coimisiún. Mar a léirítear in aithris (15) is é a bhí i dtrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais 60 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais agus 61 % de chainníocht mheasta iomlán díolacháin an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

4.2. Margadh ábhartha an Aontais a chinneadh

- (199) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, an úsáid a baineadh as táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.
- (200) Mar a mhínítear in aithris (27), úsáidtear páipéar maisiúcháin mar ábhar dromchla i gcomhair feidhmeanna maisiúla. Úsáidtear páipéar maisiúcháin mar tháirge idirmheánach a lannaítear ansin ar phainéil adhmaadbhunaithe amhail cláir shnáithíneacha mheándlúis nó clár cáithníní trí theochtaí agus brú ard a úsáid, nó, de rogha air sin, trí bhithin greamachán. Baineann úsáid deiridh an pháipéir maisiúcháin go príomha leis an earnáil troscáin, deartha inti nó tógála.
- (201) Ní raibh aon díolachán faoi chuing i gcás an táirge faoi imscrúdú ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí ceann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais mar chuid de ghrúpa mór cuideachtaí a cheannaíonn páipéar maisiúcháin óna bpáirtí comhlachaithe agus a úsáideann é chun táirgí iarteachtacha eile a tháirgeadh. Rinne an Coimisiún anailís ar na hidirbhearta díolacháin gaolmhara agus ar na doiciméid ghaolmhara, agus mheas sé gur díolacháin ar an saormhargadh iad na díolacháin sin a rinneadh le cuideachtaí comhlachaithe, ós rud é go ndearnadh na díolacháin sin le heintitis dhlítheanacha ar leithligh thart ar an bpraghas céanna leis na cinn a gearradh ar pháirtithe neamhspleácha agus go raibh saor-rogha soláthróra ag na heintitis sin.
- (202) Bhí táirgeoir neamhghearánach de chuid an Aontais mar chuid de ghrúpa níos mó cuideachtaí freisin a raibh baint acu le próiseáil bhreise an táirge atá faoi imscrúdú. Mar gheall ar an easpa comhoibrithe a bhí aige, áfach, ní raibh an Coimisiún in ann téarmaí na ndíolachán le páirtithe comhlachaithe don táirgeoir sin a fhionnadh. In éagmais faisnéis mhionsonraithe, mheas an Coimisiún gur díolacháin ar an saormhargadh a bhí i méid measta na ndíolachán san Aontas a sholáthair an gearánach san anailís ar thomhaltas an Aontais agus ar mhéid díolachán an Aontais ar mhargadh an Aontais.
- (203) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing d'iomaiócht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

⁽¹²⁴⁾ Rinne ceann de na táirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach scoir sé de pháipéar maisiúcháin a tháirgeadh ag deireadh 2022. Tá táirgeoir eile páirteach i nós imeachta dócmhainneachta ó 2023 i leith.

4.3. Tomhaltas an Aontais

- (204) Chuimsigh na cóid AC ábhartha cineálacha eile páipéir speisialtachta freisin lasmuigh de shainmhíniú an táirge faoi imscrúdú. Chun tomhaltas an Aontais a ríomh, rinne an Coimisiún comparáid idir na staitisticí sonraí allmhairiúcháin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin ar leibhéal cóid AC 8 ndigit agus leibhéal cóid TARC 10 ndigit araon ón mbunachar sonraí Surveillance. Ní raibh na cóid TARIC ar fáil ach amháin tar éis thionscnamh an imscrúdaithe agus bhain siad go heisiach leis an táirge faoi imscrúdú. Léirigh an chomparáid gur sa tréimhse idir mí Iúil 2024 agus mí na Samhna 2024, is é a bhí i gceist le méideanna an pháipéir maisiúcháin a allmhairíodh isteach san Aontas ag an leibhéal TARIC, thart ar 30 % de na méideanna iomlána a allmhairíodh ón tsín faoi na cóid AC chomhfhreagracha. Cé is moite den tSín, is é a bhí i gceist le hallmhairí páipéir maisiúcháin ón gcuid eile den domhan ar an leibhéal TARIC thart ar 15 % de mhéideanna iomlána na n-allmhairí ar an leibhéal AC.
- (205) I bhfianaise a bhfuil thuas, shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an mhéid seo a leanas:
- méid díolachán thionscal an Aontais le margadh an Aontais, bunaithe ar fhreagraí fíoraithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir agus ar an macraicheistneoir a chuir na gearánaigh isteach;
 - allmhairí an táirge lena mbaineann isteach san Aontas ón tSín, bunaithe ar chainníochtaí díolacháin fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairsiúcháin comhoibríocha, agus arna gcoigeartú chun méid iomlán measta na n-allmhairí ón tSín don tréimhse faoi bhreathnú a léiriú ⁽¹²⁵⁾; agus
 - allmhairí an táirge lena mbaineann isteach san Aontas ó thríú tíortha bunaithe ar chóimheas arna chur i bhfeidhm ar staidreamh Eurostat ⁽¹²⁶⁾.
- (206) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	430 260	501 495	416 247	369 929	371 822
Innéacs	100	117	97	86	86

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte na Síne, an macraicheistneoir, Eurostat ⁽¹²⁷⁾.

- (207) Tháinig méadú mór 17 % ar thomhaltas an Aontais idir 2020 agus 2021. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar an méadú ar éileamh an mhargaidh ar ábhair thógála de bharr phaindéim COVID-19. Mar thoradh ar an bpaindéim, cuireadh dianghlaslacha i bhfeidhm agus cuireadh borradh faoin margadh athchóirithe tí, rud a d'fhág go raibh éileamh níos airde ar pháipéar maisiúcháin, toisc go n-úsáidtear é go príomha i dtáirgeadh troscáin agus urláir lannáin.
- ⁽¹²⁵⁾Ar bhonn na faisnéise sa ghearán faoi mhéideanna na n-allmhairí, measadh, go coimeádach, gurbh ionann na táirgeoirí onnmhairsiúcháin comhoibríocha agus beagnach 90 % de mhéideanna na n-allmhairí chuig an Aontas ón tSín. Dá bhrí sin, coigeartaíodh an méid allmhairí trí 10 % a chur leis na luachanna a chuir táirgeoirí onnmhairsiúcháin sampláilte na Síne isteach.
- ⁽¹²⁶⁾Chuir an Coimisiún cóimheas 15 % i bhfeidhm bunaithe ar an gcomparáid a rinneadh in Surveillance idir cóid bhreise CN agus TARIC, mar a mhínítear in aithris (203).
- ⁽¹²⁷⁾Cumhdaíodh an cóimheas sonrach agus an mhodheolaíocht shonrach a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairí Síneacha agus allmhairí ó thríú tíortha in aithris (203) agus i bhfonótaí 125 agus 126 thuas.

- (208) Tar éis 2021, tháinig laghdú mór 17 % ar thomhaltas an Aontais, agus in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin tháinig laghdú breise 11 % air.

4.4. Allmhairí ón tír lena mbaineann

4.4.1. Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

- (209) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a measadh gurbh ionann iad agus beagnach 90 % de mhéid na n-allmhairí chuig an Aontas.
- (210) Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne trí mhéideanna allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas mhargadh an Aontais de réir Thábla 2 thuas.
- (211) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tSín (tonaí)	4 618	11 885	14 673	24 436	24 800
Innéacs	100	257	318	529	537
Sciar den mhargadh (%)	1	2	4	7	7
Innéacs	100	221	328	615	621

Foinse: Sonraí arna soláthar ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ⁽¹²⁸⁾.

- (212) Bhí allmhairí na Síne in 2020 teoranta ag thart ar 4 600 tona ag tús na tréimhse faoi bhreathnú agus bhí sciar 1 % den mhargadh acu. In 2021, áfach, tháinig méadú as cuimse 157 % ar allmhairí; lean an treocht ghéar aníos sin ar feadh an chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú uile, tháinig méadú 437 % ar allmhairí go dtí níos mó ná 24 000 tona. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 6 phointe céatadáin ar allmhairí ón tSín.
- (213) Lean an sciar den mhargadh an méadú géar céanna le méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, agus tháinig méadú 521 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, tháinig méadú trí phointe céatadáin ar sciar margaidh na Síne, ó 4 % go 7 % le linn tréimhse bliana, idir 2022 agus 2023.

4.5. Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais

- (214) Shuigh an Coimisiún pragsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a measadh a bheith gar do 90 % d'allmhairí chuig an Aontas.
- (215) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

⁽¹²⁸⁾ Coigeartaíodh na luachanna allmhairiúcháin trí mhéadú 10 % a chur i bhfeidhm ar na luachanna a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne isteach, mar a mhínítear i bhfónóta 125.

Tábla 4

Pragsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Daon-Phoblacht na Síne	1 496	1 694	1 853	1 793	1 711
<i>Innéacs</i>	100	113	124	120	114

Foinse: Sonraí arna soláthar ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

- (216) Tháinig méadú ar phragsanna allmhairiúcháin ón tSín in 2021 agus 2022, ag leanúint treochta a bhí cosúil le meánphragsanna díola thionscal an Aontais a léirítear i dTábla 8. Mar sin féin, le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, d'fhan pragsanna allmhairiúcháin na Síne i bhfad faoi bhun mheánphragsanna díola an Aontais, a mhéadaigh go leibhéal EUR 2 220/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (217) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:
- (1) na meánphragsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge tháirgeoirí sampláilte an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an praghais díreach ón monarcha; agus
 - (2) na meánphragsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.
- (218) Rinneadh an chomparáid pragsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 9,3 % agus 10,9 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.
- (219) Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún go raibh sochtadh pragsanna ann ag tosú ó 2022, nuair a bhí costas táirgthe méadaithe os comhair thionscal an Aontais mar gheall ar chostais níos airde amhábhbar agus fuinnimh. Mar sin féin, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phragsanna a mhéadú go leordhóthanach chun na méaduithe ar chostas táirgthe a fhritháireamh mar gheall ar shochtadh pragsanna ó allmhairí ón tSín, a thosaigh in 2022 agus a lean ar aghaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6. Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

4.6.1. Barúlacha ginearálta

- (220) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (221) Mar a luaitear in aithris (15), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.
- (222) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha, a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais, ar bhonn sonraí sa fhreagra a thug an gearánach ar an gceistneoir faoi tháscairí maicreacnamaíocha, na sonraí coigeartaithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne, agus sonraí coigeartaithe Eurostat maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú ó thríú tíortha, mar a mhínítear in aithris (204) agus i bhfonótaí 126 agus 127. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha, a bhain le táirgeoirí sampláilte an Aontais, ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

- (223) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála.
- (224) Is iad seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.6.2. Táscairí maicreacnamaíocha

4.6.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

- (225) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	547 775	635 842	511 674	464 523	473 850
<i>Innéacs</i>	100	116	93	85	87
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	686 031	688 531	683 948	659 396	642 729
<i>Innéacs</i>	100	100	100	96	94
Úsáid acmhainneachta (%)	80	92	75	70	74
<i>Innéacs</i>	100	116	94	88	92

Foinse: Freagraí a thug an gearánach ar an gceistneoir faoi tháscairí maicreacnamaíocha.

- (226) Tháinig laghdú 13 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin, i gcomhréir leis na treochtaí i méid na ndíolachán a léirítear i dTábla 8 thíos. D'fhéadfaí an méadú sealadach ar mhéideanna táirgeachta in 2021 a chur i leith an mhéadaithe ar an éileamh, mar a mhínítear in aithris (207), mar gheall ar an ngeilleagar 'fanacht sa bhaile' le linn na ndianghlásálacha tar éis phaindéim COVID-19. Ag tosú ó 2022, áfach, thosaigh méideanna táirgeachta ag laghdú. Tharla an laghdú mar gheall ar éileamh níos ísle ar pháipéar maisiúcháin sa mhargadh san Aontas, éileamh a bhí níos measa fós mar gheall ar na leibhéil arda fardail a tiomsaíodh tríd an slabhra soláthair, mar a mhínítear in aithrisí (245) agus (246). Ina theannta sin, tar éis an mhéadaithe ar allmhairí dumpáilte ón tSín a bhain den chuid is mó le páipéar maisiúcháin de ghrád tráchtála (amhail bán, dathanna éadroma agus donn), chun an sciar den mhargadh a choinneáil, b'éigean do roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais táirgeadh a dhíriú ar dhathanna níos déine, rud a d'fhág go ndearnadh na meaisíní páipéir a ullmhú agus a chothabháil ar bhonn níos faide agus níos minice, rud a d'fhág go raibh agaí neamhfhónaimh táirgeachta níos faide ann.
- (227) Luainigh acmhainneacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn 2021 tháinig méadú ar an acmhainneacht táirgeachta dhearbhaite mar gheall ar thréimhsí níos faide idir na tréimhsí atá sceidealaithe le haghaidh cothabháil phleanáilte na meaisíní páipéir maisiúcháin. Ag tosú ó 2022 ar aghaidh, thosaigh an acmhainneacht ag laghdú. Tharla sé sin den chuid is mó mar gheall ar scor de tháirgeadh páipéir maisiúcháin ag deireadh 2022 táirgeora amháin de chuid an Aontais, agus dócmhainneacht táirgeora eile de chuid an Aontais ag tosú ag deireadh 2023.

- (228) Spreag an méadú ar úsáid acmhainneachta a tugadh faoi deara in 2021 an méadú ar ghlanmhéideanna táirgeachta mar gheall ar éileamh méadaithe an mhargaidh ar pháipéar maisiúcháin le linn phaindéim COVID-19. Bhí méideanna táirgeachta agus úsáid acmhainneachta in 2022, 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin i bhfad faoi bhun na leibhéal roimh 2022, rud a bhí mar thoradh ar an laghdú foriomlán ar éileamh an mhargaidh ar pháipéar maisiúcháin agus ar iomaíocht threisithe ó allmhairí dumpáilte na Síne.

4.6.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

- (229) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	399 241	449 781	365 243	334 737	335 333
Innéacs	100	113	91	84	84
Sciar den mhargadh (%)	93	90	88	90	90
Innéacs	100	97	95	98	97

Foinse: Macraicheistneoir a sholáthair an gearánach, sonraí coigeartaithe ó tháirgeoirí comhoibriúchá na Síne, agus sonraí coigeartaithe Eurostat, mar a mhínítear in aithris (204) agus i bhfonótaí 126 agus 127.

- (230) Tháinig méadú 13 phointe céatadáin ar mhéid díolachán thionscal an Aontais in 2021 i gcomparáid le 2020, go príomha mar gheall ar an méadú réamhluaite ar an éileamh a spreag dianghlásálacha COVID-19 (féach aithris (207)). Mar a míníodh thuas cheana, thosaigh an t-éileamh ar pháipéar maisiúcháin ag laghdú in 2022 tar éis an éilimh mhóir in 2021. De réir mar a thosaigh allmhairí na Síne ag méadú i ndearbhthéarmaí agus i sciartha den mhargadh ón dara leath de 2021, tháinig laghdú suntasach ar mhéideanna díolacháin an Aontais mar thoradh air sin.

- (231) Thit an sciar den mhargadh ó 93 % go 90 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is féidir an laghdú breise in 2022 go 88 % a chur i leith méadú ar an sciar den mhargadh ó thríú tíortha a laghdaigh in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin.

4.6.2.3. Fás

- (232) Mar a mhínítear thuas, mar gheall ar an mborradh san athchóiriú tí de bharr na ndianghlásálacha le linn phaindéim COVID-19, bhí tionscal an Aontais in ann tairbhe a bhaint as praghas ard éilimh agus díolacháin os cionn an chostais táirgthe, rud a d'fhág gurbh í 2021 an t-aon bhliain bhrabúsach den tréimhse faoi bhreathnú. Aisiompaíodh an staid sin ó 2022 ar aghaidh, áfach, nuair a bhí ar thionscal an Aontais dul i ngleic le laghdú ar an éileamh, mar aon le hiomaíocht ó allmhairí dumpáilte na Síne, rud a d'fhág go raibh praghsanna le socrú faoi bhun an chostais táirgthe, mar a léirítear i dTábla 8 thíos.

4.6.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(233) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	2 288	2 323	2 300	2 234	2 218
<i>Innéacs</i>	100	102	101	98	97
Táirgiúlacht (aonad in aghaidh FTE)	240	274	223	208	214
<i>Innéacs</i>	100	114	93	87	89

Foinse: Freagraí a thug an gearánach ar an gceistneoir faoi tháscairí maicreacnamaíocha.

- (234) Tar éis méadú beag 2 % ar an líon fostaithe in 2021, tháinig laghdú ar lucht saothair thionscal an Aontais ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, de réir mar a tháinig laghdú ar a tháirgeacht agus ar a mhéid díolachán. Thairis sin, b'éigean do roinnt táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais dul i muinín obair ghearr-ama le linn phaindéim COVID-19 in 2020 agus ar feadh na tréimhse ó dheireadh 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin mar gheall ar easpa orduithe agus stadanna rialta meaisíní dá bharr sin. Níor léiríodh an staid sin i líon iomlán na bhfostaithe, áfach, toisc go raibh na fostaithe lena mbaineann fós fostaithe ag na cuideachtaí agus coinnithe ar a bpárollaí.
- (235) Forbraíodh an táirgiúlacht i gcomhréir leis na hathruithe ar tháirgeacht. Tháinig laghdú 11 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, le méadú sealadach in 2021, a bhuí leis an méadú ar tháirgeacht agus ar dhíolachán thionscal an Aontais de thoradh na ndálaí fíorhabhracha thuasluaite le linn na bliana sin. Leis an athrú ar an meascán táirgí agus leis an méadú ar chothabháil meaisín agus ar amanna tosaithe ina dhiaidh sin, mar a mhínítear in aithris (225), laghdaíodh an táirgiúlacht in aghaidh FTE tuilleadh ó 2022 ar aghaidh.

4.6.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

- (236) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhair ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.
- (237) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.6.3. Táscairí micreacnamaíocha

4.6.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

- (238) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	1 714	1 892	2 398	2 353	2 220
Innéacs	100	110	140	137	130
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	1 809	1 853	2 521	2 406	2 272
Innéacs	100	102	139	133	126

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

- (239) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, lean praghsanna díolacháin cuar clogchruthach, ag sroicheadh buaicphointe in 2022 agus ag laghdú in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Lean an praghas díola aonaid an treocht chéanna leis an gcostas táirgthe. In 2020, thosaigh tionscal an Aontais i staid eacnamaíoch neamhfhabhrach mar gheall ar laghduithe sealadacha ar tháirgeadh agus ar líon na meaisíní atá i bhfeidhm, agus ní fhéadfadh sé an meánphraghas díola aonaid a choinneáil os cionn an chostais táirgthe. Tar éis an dara leath den bhliain, tháinig an t-éileamh chuige féin arís, de réir mar a chuir an geilleagar ‘fanacht sa bhaile’ faoi stiúir na paidéime brú ar dhaoine ioncam indiúscartha a infheistiú in athchóirithe tí. Ba é 2021 an t-aon bhliain ina raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú os cionn an chostais táirgthe. Aisiompaíodh an treocht sin go tapa sna blianta ina dhiaidh sin nuair nach raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna díolacháin a choinneáil os cionn an chostais táirgthe.
- (240) Ba iad costais amhábhbar agus fuinnimh ba mhó ba chúis le costas an táirgthe. Go háirithe, lean an treocht i gcostas táirgthe go dlúth an treocht i bpraghsanna don dá phríomh-amhábhbar, dé-ocsaíd tíotáiniam (TiO₂) agus laíon adhmaid. Thairis sin, in 2022, bhí an fogha míleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin ina chúis le méadú mór ar chostais fuinnimh, méadú a lean ar aghaidh le linn 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (241) Thairis sin, mar a léirítear i dTábla 4, bhí praghsanna na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos ísle go comhsheasmhach i gcomparáid le costas táirgthe thionscal an Aontais, le difríocht sa phraghas idir — 9 % le linn bhuaic 2021 agus thart ar 25 % don chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú, lena n-áirítear an tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, le linn fhormhór na tréimhse faoi bhreathnú ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú go leordhóthanach chun a chostais táirgthe a chumhdach, rud a thug le fios gur chuir na hallmhairí dumpáilte ón tSín praghsanna thionscal an Aontais faoi chois.

4.6.3.2. Costais saothair

- (242) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR/FTE)	53 553	57 911	57 759	56 913	57 544
Innéacs	100	108	108	106	107

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(243) Tháinig méadú 7 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6.3.3. Fardail

(244) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	25 570	33 788	33 767	39 015	39 140
Innéacs	100	132	132	153	153
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	8,43	9,22	11,83	15,00	14,31
Innéacs	100	109	140	178	170

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(245) Tháinig méadú 53 % agus 70 %, faoi seach, ar leibhéal na bhfardal i ndearbhthearmaí agus mar chéatadán den táirgeadh. In 2021, spreag buaicéileamh tomhaltóirí agus buaictháirgeacht, mar aon le hiarrataí méadaithe ar éileamh ar fud an tslabhra soláthair 'éifeacht tarbhlaisce'. Chruthaigh sé sin stoc-charnadh i dtrádstórais tháirgeoirí an Aontais agus a gcustaiméirí, agus thuairiscigh roinnt acu go raibh moill ar ghlaonna ar chainníochtaí táirgthe, a mhair ar feadh na tréimhse ina dhiaidh sin.

(246) Oibríonn an gnó páipéir maisiúcháin bunaithe den chuid is mó ar orduithe agus ar shocruithe stoic ar glao. Thairis sin, chuir ceann amháin de tháirgeoirí sampláilte an Aontais córas chun feidhme a raibh meascán de stoc déanta de réir ord agus mearstoc mar shaintréithe aige, córas a cuireadh ar fáil le haghaidh orduithe ag an nóiméad deireanach de na cineálacha páipéir maisiúcháin is coitianta a dhíoltar. Mar thoradh ar stoc cumaisc, mar aon le laghdú ar éileamh agus ar chainníocht táirgeachta, tháinig méadú ar an stoc deiridh le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a d'fhág gur tháinig méadú freisin ar na stoic deiridh mar chéatadán den táirgeacht.

- (247) Mar sin féin, ós rud é gur tháirg tionscal an Aontais formhór na gcineálacha táirgí den táirge comhchosúil bunaithe ar orduithe sonracha úsáideoirí, níor measadh gur táscaire díobhála fóinteach don tionscal sin é leibhéal na stoc.

4.6.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

- (248) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	– 1,8	6,1	0,3	– 1,5	– 1,6
<i>Innéacs</i>	100	334	15	85	90
Sreabhadh airgid (EUR)	25 782 599	68 211 077	25 816 186	8 194 398	16 361 914
<i>Innéacs</i>	100	265	100	32	63
Infheistíochtaí (EUR)	14 675 504	13 502 987	19 605 557	11 004 427	7 873 781
<i>Innéacs</i>	100	92	134	75	54
Toradh ar infheistíochtaí (%)	– 6,9	31,2	4,2	4,6	6,5
<i>Innéacs</i>	100	552	160	167	194

Foinse: freagraí fóraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

- (249) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtrí tháirgeoir shampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

- (250) Sna blianta roimh an tréimhse faoi bhreathnú, ó 2014 go 2019, bhí tionscal an Aontais brabúsach, féach aithris (281). Ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, áfach, bhí torthaí diúltacha ag tionscal an Aontais mar gheall ar an gcor chun donais eacnamaíoch in 2020 de dheasca phaindéim COVID-19 agus mar gheall ar an gcaillteanas éilimh dá bharr le linn an chéad leath den bhliain sin. Mar thoradh ar an gcrpadh margaidh sin, tháinig laghdú ar dhíolacháin agus tháinig méadú ar chostais go príomha mar gheall ar stadanna meaisíní go minic agus mar gheall ar dhul i muinín obair ghearr-ama ag roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais, mar a mhínítear in aithris (234). In 2021, bhain an bhrabúsacht buaicphointe amach mar gheall ar an mborradh ar athchóirithe tí tar éis phaindéim COVID-19, agus thosaigh sí ag dul in olcas in 2022, agus shroich sí leibhéal dhiúltacha bhrabúsachta in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Mar a léiríodh cheana i dtábla 11 thuas, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a choinneáil os cionn an chostais táirgthe ach amháin in 2021.

- (251) An éagothroime idir costas táirgthe agus praghsanna íslithe a aistríodh isteach sa chreimeadh brabúsachta ó 2022 ar aghaidh.

- (252) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig athrú ar an treocht maidir le glansreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú géar uirthi in 2021 mar gheall ar na himthosca fabhracha don tionscal páipéir maisiúcháin a cruthaíodh le héifeachtaí na ndianghlásálacha. D'fhill an sreabhadh airgid in 2022 ar na leibhéil chéanna le 2020, sular tháinig géarlaghdú air in 2023. De bharr na ndifríochtaí tréimhse a bhí ann idir na blianta roimh an tréimhse imscrúdúcháin agus an t-imscrúdú, nárbh fhéidir a mheas go dtugann an ríomh le haghaidh athruithe ar fhardail léargas iontaofa ar fhíorstaid sreafa airgid ceann de na cuideachtaí sampláilte san Aontas. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go bhfuil an t-athphreabadh a léiríodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin teannta go saorga. In aon chás, fiú agus an sreabhadh airgid don tréimhse imscrúdúcháin á ghlacadh ina iomláine, tháinig laghdú 37 % fós ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.
- (253) Tháinig laghdú -8 % ar infheistíochtaí in 2021, tháinig méadú + 42 % orthu in 2022 sular tháinig laghdú mór -59 % agus -21 % orthu in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, faoi seach. Is féidir an méadú in 2022 a chur i leith roinnt infheistíochtaí a rinneadh tar éis ardéileamh an mhargaidh agus corrlaigh bhrabúis 2021.
- (254) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. D'ainneoin toradh diúltach ar infheistíocht in 2020, mhéadaigh sé níos mó ná faoi cheathair in 2021 sular laghdaigh sé arís in 2022 agus 2023. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, shroich an toradh ar infheistíocht 6,5 %, rud a léiríonn méadú 94 % i gcomparáid le 2020. Ní mór a mheabhrú freisin go ríomhtar an toradh ar infheistíocht ar bhrabúsacht fhoriomlán an táirge atá faoi imscrúdú, agus ar an gcaoi sin go n-áirítear díolacháin ar na margáí onnmhairiúcháin freisin. Mar a mhínítear in aithris (239), cé gur socraíodh praghsanna ar mhargadh an Aontais faoi bhun an chostais táirgthe go ginearálta (cé is moite de 2021), bhí praghsanna ar an margadh onnmhairiúcháin níos airde go ginearálta agus os cionn an chostais táirgthe, mar a léireofar i dTábla 13. Cé gur tháinig méadú faoi dhó nach mór ar an toradh ar infheistíocht idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin, léirigh táscairí eile amhail infheistíochtaí agus sreabhadh airgid treocht dhiúltach fós le haghaidh na tréimhse faoi bhreathnú.
- (255) Dá bhrí sin, measadh go raibh tionchar ag creimeadh na brabúsachta agus ag creimeadh an tsreafa airgid a tabhaíodh le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar chumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú.

4.7. Conclúid maidir le díobháil

- (256) Léirigh formhór na dtáscairí díobhála treocht dhiúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur tháinig feabhas sealadach ar staid thionscal an Aontais in 2021, tháinig laghdú ar na táscairí díobhála amhail an méid táirgeachta, an méid díolachán ar mhargadh an Aontais, agus an bhrabúsacht in 2022 agus ansin tháinig laghdú breise orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (257) Tháinig laghdú 16 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an laghdú sin níos suntasaí ná an laghdú ar thomhaltas an Aontais, ar tháinig laghdú 14 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go háirithe, tháinig laghdú níos géire ar chainníocht díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais in 2022 (9 %) agus sa tréimhse lena gcumhdaítear 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin (16 %) i gcomparáid leis an laghdú ar thomhaltas (3 % in 2022 agus 14 % in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin).
- (258) Cé nach raibh staid eacnamaíoch fhabhrach ag tionscal an Aontais ag tús 2020 toisc stopainn meaisíní a bheith ag tarlú go minic agus toisc go raibh ar roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais dul i muinín obair ghearr-ama mar gheall ar an titim ghéar ar éileamh ag tús phaindéim COVID-19 (aithris (250)), in 2021 bhí tionscal an Aontais in ann feabhas a chur ar a staid eacnamaíoch mear gheall ar an éileamh margaidh méadaithe ar pháipéar maisiúcháin ag tús phaindéim COVID-19. Aisiompaíodh an treocht dhearfach sin faoi 2022 agus an tréimhse ina dhiaidh sin, áfach, nuair a bhí táirgeoirí de chuid an Aontais ní hamháin i mbun laghdú ar an éileamh, ach i mbun méadú ar an iomaíocht freisin ó mhéideanna dumpáilte na Síne a bhí ag fás go tapa.
- (259) Ina theannta sin, mar a cuireadh i dtábhacht cheana in aithris (219), ó 2022 ar aghaidh, bhí ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe ar an gcostas táirgthe mar gheall ar chostais níos airde amhábhbar agus fuinnimh den chuid is mó. Ní fhéadfadh tionscal an Aontais, áfach, a phraghsanna díola a mhéadú go leordhóthanach chun na méaduithe suntasacha sin ar chostais a fhritháireamh mar gheall ar bhrú ar phraghsanna ó allmhairí ón tSín. Bhí an bhearna idir costas táirgthe agus praghsanna díola san Aontas thart ar 4 % le linn 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a d'fhág gur tháinig laghdú géar ar an mbrabúsacht i gcomparáid le 2021.

- (260) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISIÓCHT

- (261) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Is iad seo a leanas na fachtóirí sin: éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte, allmhairí ó thríú tíortha, éifeachtaí an laghdaithe ar thomhaltas ar mhargadh an Aontais, chomh maith le feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

- (262) Mar a léirítear i dTábla 3, tháinig méadú seasta ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó sciar 1 % den mhargadh in 2020 go 7 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Thairis sin, tháinig méadú faoi dhó nach mór ar mhéideanna allmhairí na Síne le linn tréimhse bliana, idir 2022 agus 2023. D'fhan praghsanna tugtha i dtír na Síne faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fiú in 2021 nuair a tháinig méadú suntasach ar éileamh an mhargaidh ar pháipéar maisiúcháin san Aontas. Thairis sin, lean sciar margaidh na Síne treocht ghéar aníos, agus méadú 521 % ag teacht air le linn na tréimhse faoi bhreathnú (aithris (213)), ó 1 % go 7 %.
- (263) Shuigh an Coimisiún freisin go raibh praghsanna allmhairiúcháin na Síne níos ísle go comhsheasmhach ná costas táirgthe thionscal an Aontais, rud a chuir brú ar phraghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. De réir mar a tháinig laghdú ar an éileamh in 2022, agus de réir mar a thosaigh tionscal an Aontais ag tabhairt aghaidh ar iomaíocht mhéadaithe agus mhéadaitheach ó allmhairí dumpáilte na Síne, ní raibh tionscal an Aontais in ann a bpraghsanna a shocrú os cionn an chostais táirgthe.
- (264) Chuir dumpáil na Síne ar mhargadh an Aontais brú ar phraghsanna díola thionscal an Aontais.
- (265) Ina theannta sin, mar a luadh cheana in aithris (218), shuigh an Coimisiún meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 9.3 % agus 10.9 % de réir na n-allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i gcomhthráth le staid thionscal an Aontais a bheith ag dul in olcas.
- (266) Léirítear san anailís ar na táscairí díobhála go ndeachaigh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas go háirithe i dtreo an dara leath den tréimhse faoi bhreathnú agus go raibh sé sin i gcomhthráth le méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, a ndearnadh amach go ndearna siad sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba iad na hallmhairí sin, in aon chás, ba chúis le cúngú suntasach praghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú, toisc nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgthe, agus go raibh orthu fiú na praghsanna a laghdú faoi bhun an chostais táirgthe le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (267) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún go sealadach go bhfuil nasc cúisíoch idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna araon.

5.2. Éifeachtaí tosca eile

- (268) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an raibh tosca aitheanta eile, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, in ann an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte a mhaolú sa chaoi nach mbeadh an nasc sin fíor ná substaintiúil a thuilleadh.

5.2.1. Laghdú tomhaltas

- (269) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig ardú tobann ar thomhaltas an Aontais in 2021 a bhuí le dálaí fabhracha margaidh sna hearnálacha tógála agus athchóirithe a cruthaíodh de bharr phaindéim COVID-19. Tar éis mhaolú bhearta COVID-19 in 2022, tháinig laghdú, dá bhrí sin, ar an éileamh ar fheidhmeanna maisiúcháin páipéarbhunaithe. Cuireadh tús leis an treocht anuas sin in 2022 agus mhair sí ar feadh 2023 agus na tréimhse imscrúdúcháin.

(270) Mar sin féin, ní féidir leis an éileamh laghdaitheach an nasc cúisíoch idir insreabhadh na n-allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a bhriseadh, toisc gur tháinig laghdú níos géire ar chainníocht díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais in 2022 (9 %) agus an tréimhse lena gcuimsítear 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin (16 %) i gcomparáid leis an laghdú ar an tomhaltas (3 % in 2022 agus 14 % in 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin). Ina theannta sin, mar a léiríodh cheana i dTábla 3, bhí onnmhairroirí na Síne in ann a n-onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú go géar le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus a sciar den mhargadh a dhúbailt beagnach in aon bhliain amháin (ó 2022 go 2023); ní mór na treochtaí tomhaltais a fheiceáil, dá bhrí sin, ní hamháin i gcomhthéacs laghdú bunaithe ar an éileamh i margadh an Aontais, ach ní mór treocht allmhairí na Síne a chur san áireamh freisin, rud a d'fhág go raibh tionchar diúltach ag ardú géar ar allmhairí dumpáilte ar mhéid díolachán thionscal an Aontais.

5.2.2. Allmhairí ó thríú tíortha

(271) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an Ríocht Aontaithe	Méid (tonaí)	5 477	5 998	4 309	3 573	6 496
	Innéacs	100	110	79	65	119
	Sciar den mhargadh (%)	1	1	1	1	2
	Meánphraghas	1 308	661	915	798	560
	Innéacs	100	51	138	87	70
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	20 923	33 830	32 022	7 183	5 193
	Innéacs	100	162	95	22	72
	Sciar den mhargadh (%)	5	7	8	2	1
	Meánphraghas	436	574	578	690	758
	Innéacs	100	132	101	120	110
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	26 401	39 828	36 331	10 756	11 689
	Innéacs	100	151	138	41	44
	Sciar den mhargadh (%)	6	8	9	3	3
	Meánphraghas	617	587	617	726	648
	Innéacs	100	95	100	118	105

Foinse: Sonraí coigeartaithe ó Eurostat, mar a mhínítear in aithris (204) agus fonótaí 126 agus 127.

- (272) Mar a mhínítear in aithrisí (204)-(205), toisc gur cuimsíodh táirgí éagsúla nach iad an táirge faoi imscrúdú iad faoi na cóid AC ábhartha, agus in éagmais foinsí faisnéise níos cruinne, bhí ar an gCoimisiún cóimheas a chur i bhfeidhm maidir leis na hallmhairí ó Eurostat, bunaithe ar an difríocht idir allmhairí iarthionscnaimh iarbhrí an táirge faoi imscrúdú mar a taifeadadh faoi na cóid TARIC 10 ndigit faoi seach agus allmhairí foriomlána an Aontais faoi na cóid AC chomhfhreagracha. Dá bhrí sin, tugtar na figiúirí ó thríú tíortha den chuid is mó mar léiriú ar threochtaí an mhargaidh i dtéarmaí méide agus sciar den mhargadh agus ní chun praghsanna allmhairiúcháin an táirge atá faoi imscrúdú a shainiú.
- (273) Shuigh an Coimisiún nach raibh sciar den mhargadh os cionn 1 % ach ag an Ríocht Aontaithe as na tíortha uile a onnmhairíonn páipéar maisiúcháin isteach san Aontas. Mar sin féin, bunaithe ar fhaisnéis mhargaidh a fuair an Coimisiún i bpróiseas an imscrúdaithe frithdhumpála agus a fuair na gearánaigh, ní raibh aon táirgeoir páipéir maisiúcháin aitheanta sa Ríocht Aontaithe.
- (274) Níor tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tríú tíortha go dtí 2021, tréimhse a raibh éileamh ard agus corrlaigh bhrabúis arda inti, agus in 2022, nuair a bhí éileamh margaidh iarmharach áirithe ón mbliain roimhe sin fós ann. Faoi 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú 6 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh. In aon chás, d'fhan sciar foriomlán den mhargadh atá ag an Ríocht Aontaithe san Aontas cobhsaí go leor le linn na tréimhse faoi bhreathnú (thart ar 1-2 %), agus tháinig laghdú iarbhrí ar an sciar den mhargadh atá ag tríú tíortha eile ó 5 % go 1 %. Dá bhrí sin, cinneadh go sealadach nár chuir allmhairí ó thíortha eile leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.3. Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

- (275) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais

	2020	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	129 475	144 305	112 099	94 076	92 321
Innéacs	100	111	87	73	71
Meánphraghas (EUR/tona)	1 698	2 043	2 571	2 542	2 463
Innéacs	100	120	151	150	145

Foinse: Macraicheistneoir a sholáthair an gearánach le haghaidh méideanna onnmhairí agus freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na tháirgeoirí sampláilte san Aontas le haghaidh an mheánphraghais

- (276) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 29 % ar mhéid na n-onnmhairí ag tionscal an Aontais, ag leanúint na treochta céanna le díolacháin ar mhargadh an Aontais. Shroich líon na n-onnmhairí buaicphointe in 2021, de réir mar a spreag dianghlásálacha domhanda COVID-19 méadú ar an éileamh ar pháipéar maisiúcháin ar fud an domhain. Chonacthas go soiléir sna blianta ina dhiaidh sin laghdú seasta ar mhéideanna onnmhairí.
- (277) Tháinig méadú 45 % ar na meánphraghsanna onnmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Lean praghsanna onnmhairiúcháin an treocht chéanna agus a lean praghsanna díola san Aontas; socraíodh praghsanna onnmhairiúcháin os cionn an mheánchostais táirgthe, áfach, cé is moite de 2020. Chuidigh sé sin freisin le tionscal an Aontais cuid de na caillteanais ar mhargadh an Aontais a aisghabháil.

- (278) Cé go raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna níos airde a ghearradh ar a dhíolacháin onnmhairí, tháinig laghdú breise 29 % ar a mhéideanna onnmhairiúcháin a bhí teoranta cheana féin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é go raibh na méideanna onnmhairiúcháin teoranta, agus fós brabúsach, níor mhaolaigh an treocht i ndíolacháin onnmhairiúcháin an nasc cúisíoch.

5.2.4. Cúiseanna leis an staid dhíobhálach in 2020

- (279) In 2020, tháinig laghdú ar an éileamh ar mhargadh an Aontais, mar gheall ar éiginnteacht sa mhargadh de dheasca thús phaindéim COVID-19. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú sealadach ar tháirgeacht agus ar líon na meaisíní a bhí i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díola a choinneáil os cionn na gcostas táirgthe agus bhain cailleanas dó sa tréimhse sin (aithris (239)). Mar sin féin, thosaigh feabhas ag teacht ar an éileamh margaidh sa dara leath den bhliain, agus é ag baint buaicphointe amach in 2021 mar gheall ar an mborradh faoi athchóirithe tí (aithris (250)). Mar a léirítear cheana i dtábla 11, ba í 2021 an t-aon bhliain amháin a raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a choinneáil os cionn an chostais táirgthe, de réir mar a chuaigh staid eacnamaíoch an Aontais in olcas in 2022 agus sna blianta ina dhiaidh sin, lena n-áirítear le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (280) Cé go raibh allmhairí Síneacha isteach san Aontas diomaibhseach i dtús na tréimhse faoi bhreathnú ó thaobh a méid agus a sciar den mhargadh de, agus go raibh cor chun donais eacnamaíoch ag tionscal an Aontais mar sin féin, ní mór a mheas gurbh í an éiginnteacht a bhain le tús phaindéim COVID-19 ba chúis le crapadh an mhargaidh agus an creimeadh ar bhrabúsacht a tharla in 2020. Mar sin féin, níor mhaolaigh na cúiseanna sin go léir an nasc cúisíoch idir allmhairí Síneacha agus an díobháil a tharla le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (281) Go deimhin, léiríodh san anailís ar an mbrabúsacht a bhí ann roimhe sin san Aontas i gcás díolacháin neamhchomhlachaithe go raibh tionscal an Aontais i staid airgeadais a bhí dearfach ar an iomlán sna blianta roimh 2020, agus corrlaigh bhrabúis ualaithe idir 2.3 % agus 6.5 % ann sa tréimhse idir 2014 agus 2019, nuair a bhí allmhairí páipéir maisiúcháin ón tSín isteach san Aontas diomaibhseach nó nárbh ann dóibh.

5.3. Conclúid maidir le cúisíocht

- (282) Mar a míníodh cheana in aithris (250), bhí tionchar diúltach ag an laghdú ar an éileamh ar thionscal an Aontais cheana féin. Mar gheall ar insreabhadh tapa allmhairí dumpáilte ón tSín, ar tháinig méadú faoi dhó ar a sciar den mhargadh idir 2022 agus 2023, cuireadh iallach ar thionscal an Aontais a bpraghsanna díola san Aontas a shocrú faoi bhun an chostais táirgthe chun fanacht iomaíoch le praghsanna na Síne agus chun a láithreacht ar an margadh a choinneáil ar bun.
- (283) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, suíodh nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín, rud nár maolaíodh leis na tosca a luaitear thuas.
- (284) Tar éis an tionscnaimh, d'áitigh CNFPIA gurbh iad allmhairí ó thíortha eile agus éifeachtúlacht táirgeachta na ngearánach ba chúis leis an díobháil. Chun tacú lena mhaíomh, d'úsáid CNFPIA sonraí ó Eurostat chun a thaispeáint go bhfuil an praghas allmhairiúcháin ón tSín níos airde ná an praghas allmhairiúcháin ó na tíortha eile, agus go bhfuil an praghas allmhairiúcháin ó thíortha eile níos ísle freisin ná praghas allmhairiúcháin an Aontais ó Bhallstáit an Aontais.
- (285) Mheas an Coimisiún, mar a míníodh cheana in aithris (267) agus i Roinn 4.3, go n-áirítear leis na cóid AC a tuairiscíodh tráth an tionscnaimh ciseán de tháirgí éagsúla lasmuigh den táirge lena mbaineann. Cé go bhfuil na meánphraghsanna a thuairiscítear i dTábla 12 níos ísle ná praghsanna na Síne, tugtar na figiúirí ó thríú tíortha den chuid is mó mar léiriú ar threochtaí an mhargaidh i dtéarmaí méide agus sciar den mhargadh agus ní chun praghsanna allmhairiúcháin an táirge atá faoi imscrúdú a shainiú. In aon chás, fiú dá mba iad na praghsanna iarbhrí allmhairiúcháin na praghsanna a thuairiscítear i dTábla 12, ní dhéanfaidh na hallmhairí sin díobháil i bhfianaise na méideanna ísle agus an sciar ísle den mhargadh. Go háirithe, bhí an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón Ríocht Aontaithe teoranta go leor ag 2 %, agus tháinig laghdú suntasach ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile in 2023. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

- (286) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhair ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála (féach aithris (296) thíos).

6.1. Corrlach gearrdhíola

- (287) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.
- (288) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.
- (289) D'áitigh an gearánach, bunaithe ar réamhfheidhmíocht thionscal an Aontais, gur cheart brabús réasúnta 10 % a mheas faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Níor léiríodh an leibhéal sin de spriocbhrabús, áfach, ná níor tacaíodh leis le torthaí an imscrúdaithe.
- (290) Ina theannta sin, cuireadh faisnéis maidir le bunú an ghnáthbhrabúis san áireamh sa cheistneoir a seoladh chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais. Áiríodh leis sin brabúsacht an táirge chomhchosúil sna 10 mbliana roimh an tréimhse imscrúdúcháin.
- (291) Mar chéad chéim, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús lena gcumhdaítear na costais iomlána faoi ghnáthdhálaí iomaíochta bunaithe ar mheán ualaithe na gcorrlach brabúis a bhain na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais amach in 2014, bliain bhrabúsach a raibh tréimhse eacnamaíoch fhabhrach in earnáil na tógála ag baint léi agus sular tháinig allmhairí dumpáilte na Síne isteach in 2020. Socraíodh an corrlach brabúis sin ag 6,5 %.
- (292) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise lena léiriú go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta ní b'airde faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhiairigh an Coimisiún an fhaisnéis sin bunaithe ar phleananna infheistíochta agus dhiúltaigh sé do thionscadail agus chuir sé ar athló iad, rud a léirigh go raibh na hinfeistíochtaí sin pleanáilte i ndáiríre. Go deimhin, fuarthas amach go raibh údar le maímh Thionscal an Aontais. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfeistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta (ITFN) faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhrí le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Socraíodh an difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas, idir 0,5 % agus 1,3 % do gach ceann de na cuideachtaí sampláilte.
- (293) Cuireadh céatadán den sórt sin leis an mbunbhrabús de 6,5 % a luaitear in aithris (287), rud a d'fhág go raibh spriocbhrabús idir 7,0 % agus 7,8 % ann bunaithe ar imthosca gach cuideachta.
- (294) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach 2 361 EUR/tona le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite (féach aithris (291)) a chur le costas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) a chur leis ar bhonn cineál ar chineál.
- (295) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrailigh gearrdhíola ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tSín, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

- (296) Sainítear an corrlach gearrdhíola le haghaidh ‘cuideachtaí comhoibríocha eile’ agus le haghaidh ‘gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne’ ar an dóigh céanna leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithris (192)).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach gearrdhíola (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Hangzhou Huawang New Material Technology Co., Ltd	34,9	29,0
Daon-Phoblacht na Síne	Kingdecor (Zhejiang) Co., Ltd.	31,0	23,0
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí comhoibríocha eile	33,6	27,0
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	34,9	29,0

6.2. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

- (297) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhhar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhnaithe chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

6.3. Saobhadh amhábhhar

- (298) Tá fianaise leordhóthanach soláthraithe ag an ngearánach sa ghearán gurbh ann do shaobhadh amhábhhar de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán sa tSín i ndáil leis an táirge lena mbaineann. De réir na fianaise sa ghearán, tá dé-ocsaíd tíotáiniam agus laíon adhmaid, arb ionann gach ceann acu ina n-aonar agus níos mó ná 17 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann, faoi réir ceanglais maidir le ceadúnú onnmhairiúcháin sa tSín.
- (299) Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an saobhadh líomhnaithe.
- (300) Shainaithin an Coimisiún na príomh-amhábhair ar dtús a úsáideann gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte i dtáirgeadh an táirgthe lena mbaineann. Measadh gur príomh-amhábhair iad na hamhábhair sin ar dócha go bhfuil 17 % ar laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann i gceist leo. Shuigh an Coimisiún gurbh ionann dé-ocsaíd tíotáiniam agus laíon adhmaid ar aon agus 17 % ar a laghad de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann. Chun críoch an ríomha sin, úsáideadh praghas neamhshaofa an amhábhair mar a shuítear sa Téalainn é. Suíodh san imscrúdú, áfach, nach bhfuarthas laíon adhmaid ar bhonn intíre, ach gur allmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte é, agus mar sin ní raibh aon ghá scrúdú breise a dhéanamh ar an amhábhhar sin.
- (301) Scrúdaigh an Coimisiún ansin an saobhtar dé-ocsaíd tíotáiniam le ceann de na bearta a liostaítear in Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin, forchánacha onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin; toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnúcháin, praghas onnmhairiúcháin íosta, aiséilíocht chánach breisluacha (CBL) a laghdú nó a aistarraingt, srian ar phointe imréitigh

custaim le haghaidh onnmhaireoirí, liosta d'onnmaireoirí cáilithe, oibleagáid an mhargadh intíre, mianadóireacht faoi chuing. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún liosta earraí atá faoi réir ceadúnais onnmhairiúcháin a choinníonn Rialtas na Síne (an Aireacht Tráchtála agus a ranna áitiúla inniúla) ar bun. Sonraíodh i liostaí 2023 agus 2024 go bhfuil dé-ocsaíd tíotániam (TiO₂) agus táirgí eile a bhaineann le tíotániam faoi réir ceanglais ceadúnúcháin onnmhairiúcháin.

- (302) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún comparáid idir praghas dé-ocsaíde tíotániam agus praghsanna sna margat idirnáisiúnta ionadaíocha. Fuarthas amach gurbh ionann praghas aonaid dé-ocsaíde tíotániam sa tSín, mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus beagnach leath an phraghais aonaid i dtíortha ionadaíocha, lena n-áirítear an Téalainn, a measadh a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí. Deimhníodh é sin freisin le praghsanna allmhairiúcháin tuairiscithe dé-ocsaíde tíotániam de chuid ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, a fuair thart ar 10 % de dhé-ocsaíd tíotániam lasmuigh den tSín.
- (303) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil dé-ocsaíd tíotániam faoi réir saobhadh de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

7. LEAS AN AONTAIS

7.1. Leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán

- (304) I gcomhréir le hAirteagal 7(2b) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid go soiléir go mbeadh sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Rinneadh leas an Aontais a chinneadh agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis an imscrúdú seo, lena n-áirítear na hacmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhhar agus an éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais. Chun an measúnú sin a dhéanamh, rinne an Coimisiún anailís ar na ceistanna sonracha sna ceistneoirí a chuir na húsáideoirí comhoibríocha isteach, d'eagraigh sé cuairteanna fíorúcháin ar LamiGraf agus Interprint, agus d'eagraigh sé éisteachtaí leis an dá úsáideoir freisin (aithris (6)).

7.1.1.1. Acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir

- (305) Ar bhonn na faisnéise a chuir na gearánaigh ar fáil ⁽¹²⁹⁾, measadh in 2022 gur thart ar [600 000 – 650 000] tona a bhí in acmhainneacht táirgeachta breise páipéir maisiúcháin sa tSín. I gcomhréir leis an bhfaisnéis sin, shuigh an Coimisiún go raibh acmhainneachtaí táirgeachta [550 000-600 000] tona agus acmhainneachtaí breise [40 000-60 000] tona ag an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte sa tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Os a choinne sin, bhí méid [370 000-420 000] tona i margadh an Aontais idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin. I dtéarmaí coibhneasta, tá acmhainneacht bhreise sa tSín dá bhrí sin de mhéid suntasach.
- (306) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh acmhainn shuntasach spártha sa tSín agus, má úsáidtear í, go raibh an cumas breise sin ann soláthar domhanda an táirge atá faoi imscrúdú a mhéadú, praghsanna a laghdú agus, dá bhrí sin, an bonn a bhaint d'éifeachtacht an bhirt mura socraítear é ar leibhéal na dumpála.

7.1.1.2. Iomaíocht le haghaidh amhábhhar

- (307) A mhéid a bhaineann le hiomaíocht le haghaidh amhábhhar, shuigh an Coimisiún go bhfuil TiO₂, a bhfuil níos mó ná 17 % de na costais táirgthe neamhshaofa i gceist leis, faoi réir ceanglais um cheadúnú onnmhairiúcháin, agus nach raibh praghas aonaid an amhábhair sin sa tSín, mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ach thart ar leath an phraghais aonaid na tíortha ionadaíocha féideartha uile a measadh sa chéad nóta i ndáil le tosca táirgeachta, is é sin an Bhrasail, an Indinéis, an Mhalaeisia, an Téalainn agus an Tuirc.. Mar a leagtar amach i Roinn 6.3 thuas, measadh go raibh margadh amhábhhar TiO₂ na Síne saofa.

⁽¹²⁹⁾ Féach Iarscríbhinn 7a den ghearán, sleamhnáin 35 – 37.

- (308) Cuireann ceanglais um cheadúnú onnmhairiúcháin ar TiO₂ sa tSín oibleagáid ar chuideachtaí onnmhairiúcháin formheas roimh ré a fháil ón rialtas i bhfoirm ceadúnas nó ceadanna chun an táirge a onnmhairiú.
- (309) Ní hamháin go dtugann nósanna imeachta den sórt sin rialú don rialtas ar na honnmhaireoirí agus ar mhéideanna na n-earraí onnmhairithe ach d'fhéadfaidís costais idirbheart a mhéadú freisin nó cosc a chur ar onnmhaireoirí freagairt thapa a thabhairt ar dheiseanna díolacháin thar lear mar gheall ar agaí fada próiseála.
- (310) Trí leibhéal an tsoláthair amhábhair a mhéadú go saorga, cuireann Rialtas na Síne brú anuas ar phraghsanna TiO₂ intíre. Cruthaíonn sé sin míbhuntáiste comparáideach do thionscal an Aontais i gcomparáid leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín.

7.1.1.3. Éifeacht ar shlabhraí soláthair le haghaidh chuideachtaí an Aontais

- (311) Mar a mhínítear in aithris (27), is sna tionscail troscáin, deartha inti agus tógála agus athchóirithe is mó a úsáidtear páipéar maisiúcháin mar lannán ar ábhar taca. Is iad printéirí, cuideachtaí tuilte agus cuideachtaí lannaithe na príomhúsáideoirí iartheachtach. Déanann printéirí dearadh ar leith a phriontáil ar pháipéar maisiúcháin (e.g. adhmaid, grán, marmar); déanann cuideachtaí tuilte páipéar maisiúcháin a thuile de ghnáth le roisín sintéiseach, amhail mealaimín nó roisín úiré, agus déanann cuideachtaí lannaithe páipéar maisiúcháin a lannú ar phainéil adhmaidbhunaithe amhail cláir shnáithíneacha mheándlúis nó clár cáithníní trí úsáid a bhaint as teochtaí arda agus brú ard, nó, de rogha air sin, trí bhíthin greamacháin.
- (312) Níor tháinig aon allmhaireoir ná trádálaí comhlachaithe chun cinn san imscrúdú seo. Tháinig dhá chuideachta chun tosaigh ar dtús mar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe ach measadh gur úsáideoirí iad araon i bhfianaise mhéid na próiseála a rinneadh ar pháipéar maisiúcháin ina bpróisis táirgthe faoi seach.
- (313) San iomlán, ghlac ceithre úsáideoir páirt san imscrúdú seo agus chuir siad i gcoinne dleachtanna a fhorchur. As an méid sin, chuir dhá chlódóir freagraí ceistneora isteach. Chuir na cinn eile barúlacha isteach.
- (314) D'áitigh an dá úsáideoir chomhoibríocha dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí ón tSín go bhféadfadh costais níos airde a bheith ar úsáideoirí ar mhargadh an Aontais, rud a d'imreodh ar thomhaltóirí deiridh freisin. Chuir an dá úsáideoir i dtábhacht freisin, dá bhforchuirfí dleachtanna, go n-éireodh margadh na Tuirce níos iomaíche, rud a spreagfadh printéirí agus cuideachtaí tuilte neamhspleácha chun an táirgeadh a bhogadh lasmuigh den Aontas.
- (315) D'áitigh úsáideoir amháin freisin, má fhorchuirtear dleachtanna frithdhumpála arda, go gcuirfeadh stop nach mór le hallmhairí páipéir maisiúcháin ón tSín isteach san Aontas, agus go mbeadh an tAontas fós ar an aon soláthróir inmharthana amháin mar gheall ar bhacainní ardiontrála ar ghníomhaithe nua in earnáil an pháipéir maisiúcháin, is iad sin infheistíochtaí arda i dtionscadail úrnua, bacainní comhshaoil, toisc gur gnách go mbíonn rochtain ar fhoinsé uisce de dhíth ar tháirgeoirí páipéir maisiúcháin, agus mar gheall ar bhacainní ar fhios gnó agus ar cháilíocht. Mar thoradh ar an gcomhcheangal sin, mhéadódh táirgeoirí de chuid an Aontais praghsanna tar éis easpa iomaíochta.
- (316) Ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún anailís ar bhrabúsacht an dá úsáideoir chomhoibríocha agus mheas sé go bhfuil siad i staid eacnamaíoch dheacair. Mar sin féin, cé go mbeadh méadú ar chostas foinsithe páipéir maisiúcháin ón tSín ag úsáideoirí, níl an difríocht idir an corrlach dumpála agus díobhála (thart ar 8 bpointe céatadáin, ar an meán) de chineál a fhágfadh go dtiocfadh feabhas suntasach ar a staid eacnamaíoch mar thoradh ar dhleacht a shocrófaí ar leibhéal níos ísle an chorrlaigh díobhála. Thairis sin, ós rud é nach raibh aon chomhoibrí ann ó úsáideoirí eile, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cás an dá úsáideoir ionadaíoch d'úsáideoirí eile atá gníomhach i ndeighleoga eile den mhargadh amhail cuideachtaí tuilte agus cuideachtaí lannaithe. Go deimhin, mheabhraigh an Coimisiún nár tháinig aon chuideachta tuilte ná lannaithe chun tosaigh san imscrúdú seo.
- (317) Ar an dara dul síos, cé go bhfuil teorainn leis an bhféidearthacht páipéar maisiúcháin a fhoinsiú ó thríú tíortha eile, ní raibh tionscal an Aontais ag feidhmiú ag a lánacmhainneacht go fóill agus bheadh sé in ann freastal ar éileamh an mhargaidh amach anseo, agus ar mhéaduithe ar an éileamh amach anseo, i bhfianaise infheistíochtaí tar éis na tréimhse imscrúdúcháin a bhí ligthe thar ceal ag táirgeoirí an Aontais in acmhainneacht táirgeachta bhreise freisin.

- (318) Go háirithe, thuairiscigh ceann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais infheistíocht ligthe thar ceal i suiteáil meaisín páipéar réamhthuilte. Ní hamháin go gcuirfeadh sé sin le hacmhainneacht bhreise ach dhéanfaidh sé éagsúlú freisin ar fhoinsí an pháipéir maisiúcháin réamhthuilte agus mhéadóidh sé an iomaíocht i margadh an Aontais. Tá sé seo tábhachtach, mar luaigh ceann de na húsáideoirí, Interprint, le linn a éisteachta nach dtáirgeann ach dhá chuideachta ar fud an domhain an cineál sonrach páipéir maisiúcháin sin.
- (319) Dá bhrí sin, dá bhforchuirfí dleachtanna, bheadh tionscal an Aontais in ann infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht leathnaithe agus in éagsúlú a mheascáin táirgí, rud a thabharfaidh níos mó roghanna éagsúlaithe d'úsáideoirí freisin. Dá bhrí sin, i gcás ina bhforchuirtear bearta frithdhumpála ar leibhéal na gcorrlach dumpála, bheadh an tionchar ar allmhairí agus trádálaithe neamhchomhlachaithe teoranta, agus ní a mhéid a bheadh sé níos mó ná na tairbhí do thionscal an Aontais, a bhfuil an leibhéal cosanta sin de dhíth air i bhfianaise na díobhála arna suí de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín agus an saobhadh amhábhair thuas á chur san áireamh.

7.1.1.4. Tosca eile

- (320) D'áitigh LamiGraf go bhfuil tionchar ag tosca éagsúla ar na difríochtaí i gcostais amhábhair idir an tSín agus an tAontas, tosca ba cheart a chur san áireamh don mheasúnú le haghaidh leibhéal na mbeart, agus ó tharla nach gcuirfí riail na dleachta níos lú arna iarraidh ag na gearánaigh i bhfeidhm, go mbeadh srian le soláthar iomaíoch páipéir maisiúcháin laistigh den Aontas. D'áitigh Grúpa Kastamonu go gcuirfeadh forchur aon bheart frithdhumpála ar allmhairí páipéir maisiúcháin ón tSín teorainn le hinfhaighteacht soláthair leordhóthanaigh páipéir maisiúcháin chun freastal ar riachtanais úsáideoirí an Aontais.
- (321) Mheabhraigh an Coimisiún gur gá bearta a fhorchur mar gheall ar an díobháil a suíodh de bharr allmhairí dumpáilte ón tSín agus an saobhadh amhábhair thuas á chur san áireamh. Murab ionann agus maíomh LamiGraf, chuirfí srian le soláthar iomaíoch in éagmais na mbeart, toisc nach mbeadh tionscal an Aontais in ann freastal a thuilleadh ar éileamh thionscal na n-úsáideoirí a éilíonn staid eacnamaíoch inmharthana thionscal an Aontais, rud nach féidir a bhaint amach i gcás nach n-athbhunófaí an chothroime iomaíochta.

7.1.2. Conclúid maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) den bhun-Rialachán

- (322) Tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis an imscrúdú seo a mheasúnú, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil sé le leas an Aontais méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. I bhfianaise na hanailíse atá leagtha amach thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, gur chun leasa an Aontais é leibhéal na ndleachtanna sealadacha a shocrú ar bhonn leibhéal na dumpála, faoi réir na mbreithnithe breise i gcomhthéacs Airteagal 21 a leagtar amach in Roinn 7.2 thíos.

7.2. Leas an Aontais faoi Airteagal 21 den bhun-Rialachán

7.2.1. Leas thionscal an Aontais

- (323) Meabhraítear go bhfuil seacht dtáirgeoir i dtionscal an Aontais, a fhostaíonn níos mó ná 2 000 oibrí le linn na tréimhse imscrúdúcháin.
- (324) D'ainneoin go raibh ar thionscal an Aontais dul i ngleic le cor chun donais eacnamaíoch in 2020 mar gheall ar chrapadh an mhargaidh de dheasca phaindéim COVID-19, agus teacht aniar géar ina dhiaidh sin i mbrabúsacht, méideanna díolachán, sreabhadh airgid, agus toradh ar infheistíocht in 2021, tháinig meath suntasach ar dhíolacháin agus ar bhrabúsacht thionscal an Aontais le linn an dara leath den tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí tionchar diúltach dá bharr sin ar a mhéideanna táirgeachta, ar a infheistíochtaí agus ar a shreabhadh airgid. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann (féach aithris (174) thuas).

- (325) Is dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag an easpa beart ar thionscal an Aontais i dtéarmaí cúngach breise praghsanna, díolacháin níos ísle agus tuilleadh meatha ar an mbrabúsacht. Cuirfidh na bearta ar chumas thionscal an Aontais a acmhainneacht a bhaint amach ar mhargadh an Aontais, infheistíochtaí ligthe thar ceal a dhéanamh, agus brabúsacht a fheabhsú go leibhéal a mbeifí ag súil leo faoi ghnáthdhálaí iomaíochta.
- (326) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go rachadh forchur na mbeart chun leasa thionscal an Aontais agus a sholáthróirí réamhtheachtacha.

7.2.2. *Leas úsáideoirí agus allmhairí agus trádálaithe neamhchomhlachaithe*

- (327) Mar a mhínítear in aithris (312), níor tháinig aon allmhairí ná trádálaithe neamhchomhlachaithe chun tosaigh chun páirt a ghlacadh san imscrúdú. Tháinig dhá chuideachta chun tosaigh ar dtús mar allmhairí neamhchomhlachaithe, ach i bhfianaise an mhéid próiseála a rinne siad ar an bpáipéar maisiúcháin, measadh gur úsáideoirí iad araon. D'oibrigh an dá chuideachta mar chlódóirí páipéir maisiúcháin. Mar a mhínítear in aithris (316), níor tháinig aon chuideachta tuilte ná lannaithe chun tosaigh san imscrúdú seo, agus dá bhrí sin ní raibh an Coimisiún in ann tionchar na ndleachtanna ar na cineálacha úsáideoirí sin a mheas.
- (328) D'fhóirigh an Coimisiún freagraí an dá úsáideoir chomhoibríocha ar an gceistneoir agus thionóil sé éisteachtaí leis an dá cheann acu (aithris (6)). Is é a bhí i gceist le páipéar maisiúcháin thart ar [75-85] % dá gcostais amhábhair iomlána agus thart ar [40-50] % dá gcostas táirgthe iomlán. Ar an meán, fuair an dá chlódóir idir [15-25] % den táirge faoi imscrúdú ón tSín agus bhain sciar measta [10-20 %] den mhargadh leis i dtéarmaí thomhaltas an táirge faoi imscrúdú san Aontas. Léirigh an dá úsáideoir freisin go raibh siad ag feidhmiú faoi chailteanas sa tréimhse imscrúdúcháin. Mheas an Coimisiún, dá bhforchuirfí dleachtanna ar an leibhéal atá beartaithe, agus gach ní eile a bheith comhionann, go dtiocfadh méadú níos lú ná 2 % ar a gcostas táirgthe trí mheán ualaithe⁽¹³⁰⁾. Thairis sin, mar a aithníodh cheana in aithris (314), cé go bhfuil teorainn leis an bhféidearthacht páipéar maisiúcháin a fhoinsíú ó thríú tíortha eile, ní chruthódh forchur na ndleachtanna riosca maidir le ganntanas an táirge faoi imscrúdú ar mhargadh an Aontais toisc nach bhfuil tionscal an Aontais ag feidhmiú faoi lánacmhainneacht agus go mbeadh sé in ann freastal ar éileamh méadaithe an mhargaidh.
- (329) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a mheasúnú go mbeadh tionchar teoranta ag na dleachtanna ar úsáideoirí, agus nach mó an tionchar sin ná na tairbhí a bheadh ann do thionscal an Aontais (aithris (319)).

7.2.3. *An chonclúid maidir le leas an Aontais*

- (330) Bheadh tionchar dearfach ag na bearta ar tháirgeoirí an Aontais. Mhaolófaí na rioscaí go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ar úsáideoirí agus ar allmhairí/trádálaithe neamhchomhlachaithe, go háirithe i ndáil le soláthar, leis an acmhainneacht shaor a bheadh ar fáil ag tionscal an Aontais agus le méadú breise ar an acmhainneacht táirgeachta amach anseo. Dá ndéanfaí an iomaíocht chóir agus cothroime iomaíochta a athbhunú, in éagmais allmhairí dumpáilte, rachadh sé chun tairbhí d'fhorbairt shláintiúil an mhargaidh fhoriomláin agus chuirfí ar chumas thionscal an Aontais na costais a eascraíonn as oibleagáidí an Aontais agus oibleagáidí na mBallstát faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta a chomhlíonadh.
- (331) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach raibh aon chúis láidirle teacht ar an gconclúid nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh na Síne.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

- (332) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.
- (333) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (322) gur cheart gurbh é an corrlach dumpála an leibhéal iomchuí chun deireadh a chur leis an díobháil.

⁽¹³⁰⁾ Ríomhadh an méadú ar an gcostas táirgthe trí chorrallagh dumpála éagsúla de chuid tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a chur san áireamh, i gcás inar féidir.

- (334) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Hangzhou Huawang New Material Technology Co., Ltd	34,9 %
Daon-Phoblacht na Síne	Kingdecor (Zhejiang) Co., Ltd.	31,0 %
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí comhoibríocha eile	33,6 %
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	34,9 %

- (335) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.
- (336) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme go dtí go gcuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfean an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne'.
- (337) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.
- (338) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(i) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. CLÁRÚ

- (339) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.
- (340) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí nó deireadh a chur leis an gclárú.

- (341) Ní dhearnadh aon chinneadh nó ní féidir cinneadh a dhéanamh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

- (342) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.
- (343) Dúirt Kingdecor nár cheart don Choimisiún líne dhúblach sa TbyT a chur san áireamh ina ríomh. Thairis sin, ba cheart méid na dtáirgí lochtacha ar eisíodh nótaí creidmheasa ina leith a asbhaint ó na sonraisc faoi seach agus ba cheart athríomh an chorrlaigh dumpála a bheith mar thoradh air. Ar deireadh, ba cheart don Choimisiún luach tagarmhairc difriúil a chur i bhfeidhm le haghaidh TiO₂ agus an corrlach dumpála a athríomh dá réir sin.
- (344) Deimhníonn an Coimisiún go raibh an líne dhúblach eisiata aige cheana féin, a bhfuil luach 0 aici ón ríomh. Ní thagraíonn an dara agus an tríú barúil d'earráid chléireachais agus tabharfar aghaidh orthu ag an gcéim chinntitheach.

11. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

- (345) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.
- (346) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir maisiúcháin, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 4802 54 00, ex 4802 55, ex 4805 91 00 agus ex 4811 60 00 (cóid TARIC 4802 54 00 10, 4802 55 15 10, 4802 55 25 10, 4802 55 30 10, 4802 55 90 10, 4805 91 00 10, agus 4811 60 00 10), agus a bhfuil na saintréithe a leanas acu:

- meáchan 30-150 g/m²; cion luatha idir 5 % agus 50 %;
- ionsúiteacht Klemm 12 mhilliméadar ar a laghad in aghaidh an 10 nóiméad nó bailiú roisín idir 20 % agus 200 %;
- neart teanntachta fliuch idir 6 agus 12 Newton (N) in aghaidh an 15 mhilliméadar;
- póiriúlacht Gurley idir 3 agus 80 soicind in aghaidh an 100 millilítear;
- réidhe idir 20 agus 300 de réir mhodh Bekk;
- i ríleanna a bhfuil leithead suas le 300 ceintiméadar acu
- bíodh sé réamhthuilte le meascán de laitísí nó de cheanglóirí nádúrtha (mar shampla, stáirse) nó ná bíodh;
- gan páipéar balla agus clúdaigh bhalla chomhchosúla a áireamh;
- gan páipéir a áireamh atá sáithithe le mealaimín uiscebhunach, úiré, feanól nó le haon tuaslagán roisín teirmithéachtach teirmeaplaisteach,

de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Hangzhou Huawang New Material Technology Co., Ltd	34,9 %	89LJ
Daon-Phoblacht na Síne	Kingdecor (Zhejiang) Co., Ltd.	31,0 %	89LK
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	33,6 %	
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	34,9 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhreachtú mar a leanas: *‘Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh [sa tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.’* Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisece ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2718.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Feahra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuideachtaí comhoibríocha eile

Tír	Cuideachta	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	SUNSHINE OJI (Shouguang) Specialty Paper Co., Ltd	89LL
Daon-Phoblacht na Síne	ZIBO OU-MU Special Paper CO., Ltd	89LM
Daon-Phoblacht na Síne	WINBON TECHNOCEL New Materials Co., Ltd.	89LN